An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

# Creat Rialachais Chorparáidigh na Roinne Coimirce Sóisialaí 2022 - 2023

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| Brollach ón Ard-Rúnaí | | 3 |
| Réamhrá | | 4 |
| Prionsabail Rialachais | | 5 |
| Forléargas ar an gCreat Rialachais | | 6 |
| Caibidil 1: | Forléargas ar an Roinn | 8 |
| Caibidil 2: | Róil an Aire agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí | 21 |
| Caibidil 3: | An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile | 27 |
| Caibidil 4: | Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe agus Comhlíonta | 33 |
| Caibidil 5: | Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne | 41 |
| Aguisín: | Liosta na nGrúpaí AE agus Idirnáisiúnta | 50 |

## Brollach ón Ard-Rúnaí

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Chreata Rialachais Chorparáidigh nuashonraithe seo don Roinn Coimirce Sóisialaí. Is doiciméad beo é a bhfuil athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta á ndéanamh air ó foilsíodh den chéad uair é in 2016.

Mar Roinn, cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil a bhaineann le saol beagnach gach duine sa Stát. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí é sin a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde. Tugtar achoimre chuimsitheach sa doiciméad seo ar phríomhghnéithe an rialachais chorparáidigh sa Roinn. Tá sé beartaithe mar threoir d'fhostaithe agus do na daoine a ndéanaimid freastal orthu maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre agus an chúis a ndéanaimid í ar an mbealach a dhéanaimid. Leagtar amach ann freisin ár gcaighdeáin iompair, ár luachanna agus na córais rialachais ar a bhfuil ár gcuid oibre bunaithe. Glactar leis an gcreat seo mar chuid de chur chuige coiteann i leith an dea-chleachtais rialachais sa státseirbhís trí chéile.

Baineann rialachas le struchtúir, beartais agus próisis chuí a bheith i bhfeidhm chun ár n-eagraíocht a stiúradh agus a bhainistiú ionas gur féidir leis na páirtithe leasmhara go léir a bheith cinnte go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil chomh fada is a bhaineann le seachadadh tosaíochtaí, cuspóirí a bhaint amach, feidhmiú go hionraic agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail. Baineann sé le trédhearcacht, cuntasacht agus feidhmiú i dtimpeallacht rannphháirteach.

Feidhmíonn tacaíocht agus comhoibriú leanúnach na foirne go léir chun na struchtúir rialachais atá mar bhonn leis an gcreat seo a neartú.

Táim muiníneach go gcuirfidh luachanna na nuálaíochta agus na rannphháirtíochta inár n-eagraíocht ar chumas ár struchtúr rialachais a bheith dinimiciúil agus freagrúil agus a bheith in ann seachadadh ár seirbhísí a fheabhsú.

Cabhróidh sé leis an eagraíocht a threorú i dtreo todhchaí a bheidh ag forbairt taobh le riachtanais athraitheacha na roinne agus ár bpáirtithe leasmhara.

John McKeon
An tArd-Rúnaí
2023

## Dea-Rialachas

Tá ról lárnach ag dea-rialachas i bhfeidhmiú éifeachtach na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tá dea-rialachas ríthábhachtach chomh fada is a bhaineann le cur ar chumas na Roinne a cuid oibleagáidí reachtúla agus beartais a chomhlíonadh go héifeachtach. Áirithíonn dea-chleachtas i rialachas corparáideach go bhfuil creat struchtúr, beartas agus próiseas i bhfeidhm chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Anuas air sin, ceadaíonn dea-rialachas measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar fheidhmíocht chun na gealltanais sin a chomhlíonadh.

## Creat Bunreachtúil agus Dlíthiúil

Tá prionsabail an rialachais i Roinn Rialtais bunaithe ar an mBunreacht ar an gcéad dul síos chomh maith leis an gcaidreamh idir an tOireachtas agus an Feidhmeannas (an Rialtas) a forbraíodh le himeacht ama, agus roinnt tionscnamh ar ghlac an Rialtas leo chun bainistíocht straitéiseach a chur chun cinn, go háirithe an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Sa chreat seo, cuimsítear gnéithe den rialachas corparáideach atá bunaithe laistigh den státseirbhís cheana féin, mar shampla, sa Lámhleabhar Comh-Aireachta, sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí, sa Chód Caiteachais Phoiblí, i gCód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus sna moltaí ó Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta.

## Prionsabail Rialachais

Tá an Creat Rialachais Chorparáidigh seo bunaithe ar roinnt prionsabal ardleibhéil atá mar bhonn leis na socruithe rialachais sa roinn seo.

| | |
|---|---|
| ***1*** | Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus éiteas atá mar bhonn le hiompar ionraic, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla agus meas ar fhorlámhas an dlí. |
| ***2*** | Cuidíonn an dea-chleachtas sa rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i dtéarmaí tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha agus sochaíocha agus chun na beartais agus na hidirghabhálacha is gá a chinneadh chun an leas is fearr is féidir a bhaint astu sin. Ciallaíonn sé dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, iniúchadh agus grinnscrúdú chun cuntasacht éifeachtach a sholáthar. |
| ***3*** | Ciallaíonn dea-rialachas cumas na roinne a fhorbairt lena n-áirítear cumas na foirne ceannaireachta, na bainistíochta agus na foirne. |
| ***4*** | Is cuid den dea-rialachas freisin rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha bainistíochta feidhmíochta. |
| ***5*** | Áirithíonn dea-rialachas oscailteacht, próisis chomhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara ar baile agus idirnáisiúnta. |

# Forléargas ar an gCreat Rialachais

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar an gcreat ina bhfeidhmíonn an Státseirbhís:

## An Státseirbhís agus Cuntasacht Aireachta

- Tá an tAire i gceannas ar an Roinn agus tá sé nó sí freagrach don Oireachtas as gach gné d'fheidhmiú fhreagracht na Roinne.

- Cuid riachtanach den phróiseas rialachais is ea caidreamh agus cumarsáid na Roinne leis an Aire, leis na hAirí Stáit agus leis na comhairleoirí. Tá seachadadh rathúil tosaíochtaí agus clár gnó ag brath ar na caidrimh seo a bheith ag feidhmiú go héifeachtach.

- Tá Ard-Rúnaí na Roinne freagrach agus cuntasach as an Roinn a bhainistiú, comhairle a chur ar fáil don Aire agus monatóireacht a dhéanamh ar bheartais Rialtais agus iad a chur i bhfeidhm laistigh dá sainchúram de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

- Tá an tArd-Rúnaí, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach go pearsanta, agus cuntasach go pearsanta, as rialtacht agus cuibheas i gcuntais na Roinne, as úsáid éifeachtúil agus bharainneach acmhainní agus as rialú sócmhainní atá i seilbh na Roinne de réir Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998.

# Forléargas ar an gCreat Rialachais

Tá an Creat Rialachais Chorparáidigh seo bunaithe ar roinnt caibidlí, ina leagtar amach na croí-eilimintí mar seo a leanas:

| ***Caibidlí*** | ***Teideal*** |
|---|---|
| ***1*** | Forbhreathnú ar an Roinn |
| ***2*** | Róil an Aire agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí |
| ***3*** | An Bord Bainistíochta agus Struchtúir Rialachais eile |
| ***4*** | Socruithe Iniúchta, Dearbhaithe agus Comhlíonta |
| ***5*** | Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne |

# Caibidil 1: Forléargas ar an Roinn

| **Prionsabal Rialachais 1** | Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus éiteas atá mar bhonn le hiompar ionraic, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla agus meas ar fhorlámhas an dlí. |
|---|---|

## Misean na Roinne

Is é ár Misean ná:
***Rannpháirtíocht ghníomhach agus cuimsiú gníomhach sa tsochaí a chur chun cinn, trí tacaí ioncaim, seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí eile a sholáthar.***

Is é ár gcuspóir foriomlán, mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2023-2026, ná a áirithiú go bhfuil ról lárnach ag ár gcliaint inár n-oibríochtaí go léir, seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar agus leanúint lenár bhfoireann, struchtúir agus próisis a fhorbairt.

Tá ár Straitéis um Sheirbhísí do Chustaiméirí 2020-2022 mar bhonn lenár n-iarrachtaí seirbhís ar archaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí.

Bunaíodh an Roinn le Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 1946 agus a Ordú um Thosach Feidhme ina dhiaidh sin, a rinne foráil do bhunú na Roinne Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 22 Eanáir 1947. Tacaíonn an Roinn leis an Aire Coimirce Sóisialaí lena dualgais rialtais, parlaiminte agus reachtúla a chomhlíonadh agus tá ról lárnach aici in dhá mhór-réimse beartais rialtais:

- dáileadh ioncaim chun comhtháthú sóisialta a áirithiú agus cothromas na dtorthaí eacnamaíocha a fheabhsú; agus
- oibriú éifeachtúil thaobh an tsoláthair den mhargadh saothair.

Is iad seo a leanas a príomhfheidhmeanna:

- comhairle a chur ar an rialtas maidir le reachtaíocht agus beartais maidir le seirbhísí fostaíochta, an margadh saothair, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta;
- beartais a cheapadh maidir le seirbhísí fostaíochta, margadh saothair, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta;
- tacaíochtaí ioncaim éifeachtacha agus éifeachtúil ó thaobh costas de a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh;

- seirbhísí fostaíochta a sholáthar;
- faisnéis chuimsitheach agus chruinn a chur ar fáil dá custaiméirí uile;
- seirbhísí a sholáthar go saoráideach i dteannta le Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Rialtais eile; agus
- calaois agus mí-úsáid amhrasta laistigh den chóras coimirce sóisialaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

### Eagraíocht na Roinne

Tá thart ar 6,000 ball foirne buan ag obair don Roinn mar aon le baill foirne bhreise atá ag obair ar bhonn sealadach agus baill foirne ar iasacht.

Freastalaíonn an Roinn ar ghrúpa leathan agus éagsúil custaiméirí lena n-áirítear teaghlaigh, daoine i bhfostaíocht, daoine dífhostaithe, daoine a bhfuil tinnis agus míchumais orthu, cúramóirí, daoine scothaosta agus fostóirí. Chomh maith leis sin, éilíonn sainchúram na Roinne leibhéal suntasach rannpháirtíochta le fostóirí agus tá infheistíocht shuntasach déanta aici i gcaidrimh a fhorbairt le fostóirí ionas go nglacfar leis an Roinn mar an comhpháirtí is fearr le haghaidh tacaíochta earcaíochta agus seirbhíse fostaíochta.

Tá breis is 90 scéim agus seirbhís ar leithligh á riar ag an Roinn. I measc na príomhsheirbhísí, tá:

- réimse leathan tacaíochtaí ioncaim árachais shóisialaigh agus cúnaimh shóisialaigh a íoc amhail pinsin, íocaíochtaí cuardaitheora poist, sochar breoiteachta, íocaíochtaí míchumais, íocaíochtaí do chúramóirí agus liúntas leasa forlíontach chomh maith leis an íocaíocht uilíoch do thuismitheoirí (máithreacha de ghnáth) - an sochar linbh do leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois;
- trí Intreo, comhtháthú seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí íocaíochta sochair chun a áirithiú go bhfuil baint dhíreach ag íocaíocht tacaíochtaí ioncaim le daoine nach bhfuil post acu leis an tasc tábhachtach a bhaineann le tacú le daoine atá ag cuardach fostaíochta agus deiseanna oiliúna agus oideachais a aimsiú dóibh chun a ndeiseanna sa saol a fheabhsú;
- réimse seirbhísí fostóra a sholáthar lena n-áirítear seirbhísí earcaíochta, folúntais poist a fhoilsiú ar líne, tacaíochtaí fostaíochta, scéimeanna fóirdheontais pá do dhaoine faoi mhíchumas agus seirbhísí iomarcaíochta agus dócmhainneachta, mar shampla;
- seirbhísí aitheantais cliant a chur ar fáil, lena n-áirítear UPSPanna agus Cártaí Seirbhísí Poiblí a bhronnadh;

- comhordú an [Treochlár um Chuimsiú Sóisialta 2020-2025;]
- réimse seirbhísí pobail chun aird a tharraingt ar chuimsiú sóisialta agus chun conair fostaíochta a sholáthar dóibh siúd atá dífhostaithe; agus tacaíocht agus treoir a thabhairt i ndáil le hanailís agus forbairt beartais i réimsí éagsúla lena n-áirítear dáileadh ioncaim, aistrithe sóisialta, soláthar pinsean, cuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, seirbhísí fostaíochta poiblí.

Faigheann na gníomhaíochtaí seo tacaíocht ó Aonaid Seirbhíse Corparáidí fostaithe cosúil le Bainistíocht Acmhainní Daonna, Forbairt agus Oiliúint Foirne, Forbairt Córas Faisnéise, Buiséad agus Airgeadas, Bainistíocht Saoráidí, Iniúchadh Inmheánach, Reachtaíocht agus soláthar tacaíochta agus comhairle beartais don Aire.

Bainistíonn an **Príomh-Oifig Chlárúcháin** (POC) an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta, a éascaíonn breitheanna, marbh-bhreitheanna, uchtálacha, póstaí agus básanna a chlárú sa Stát. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) atá freagrach as an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta a sholáthar ó lá go lá trí líonra d'oifigí áitiúla na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta ar fud an Stáit. Chomh maith leis sin, tá saoráid taighde ginealais á cur ar fáil ag POC.

Tá an **Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh** freagrach, go neamhspleách, as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc in aghaidh cinntí a bhaineann le teidlíochtaí leasa shóisialaigh agus inárachaitheacht fostaíochta.

## Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht & Bainistíocht Feidhmíochta

### Ráiteas Straitéise 2023-2026

Tá ceapadh beartais agus seachadadh seirbhíse bunaithe ar Ráiteas Straitéise na Roinne 2023-2026.

Tá trí phríomhchuspóir straitéiseacha ag an Ráiteas Straitéise:

1. An cliant a chur chun tosaigh maidir le polasaí agus soláthar seirbhíse
2. Costas, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chur chun cinn
3. Foireann, struchtúir agus próisis a fhorbairt.

Leagtar amach sa doiciméad na straitéisí ardleibhéil a bhaineann leis na cuspóirí sin, na torthaí atá le baint amach agus na táscairí feidhmíochta atá le húsáid chun a ngnóthachtáil a thomhas.

Cuirtear san áireamh sna spriocanna agus sna cuspóirí atá leagtha amach sa doiciméad na tosaíochtaí agus na gealltanais atá luaite i gClár an Rialtais, i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse chomh maith le raon straitéisí agus beartas eile de chuid an Rialtais.

De réir *Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997* ullmhaítear ráiteas straitéise nua gach trí bliana nó laistigh de shé mhí tar éis d'Aire nua dul i mbun oifige.

### Pleanáil Gnó agus Bainistíocht Riosca


Tá na cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise mar bhonn le agus á léiriú sa phróiseas bliantúil Pleanála Gnó agus Bainistíochta Riosca (PGBR) a chuireann gach réimse gnó i gcrích. Tá spriocanna sonracha iontu sin a bhfuiltear ag súil a bheidh á gcomhlíonadh ag gach réimse gnó, agus ba cheart go gcinnteodh na spriocanna seo ar fad go mbeidh na gealltanais atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise á gcomhlíonadh. Sainaithnítear rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghníomhaíochtaí an phlean gnó a bhaint amach mar aon le rialuithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú.

### Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Tá ról gach ball foirne i ndáil leis na cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh sainithe go soiléir agus cuimsithe sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

San áireamh sa phróiseas PGBR agus CBFF tá comhairliúchán idir an fhoireann bhainistíochta agus baill foirne d'fhonn a áirithiú go dtuigeann gach duine san eagraíocht an ról atá acu i ndáil le cuspóirí straitéiseacha na Roinne a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar chinn réimsí gnó dul chun cinn ar PGBR a thuairisciú ar bhonn ráithiúil agus ag deireadh gach bliana. Forbraíodh feidhmchlár saincheaptha PGBR chun tacú leis an bpróiseas seo.




| English | Irish |
|---|---|
| Business Planning & Risk Management Process | Pleanáil Gnó & Próiseas Bainistíochta Riosca |
| Business areas prepare Business & Risk Management Plans and report quarterly on their implementation | Ullmhaíonn réimsí gnó Pleananna Bainistíochta Gnó & Riosca agus tuairiscíonn siad ar a gcur i bhfeidhm gach ráithe |
| Management Board agrees Corporate Business Plan and monitors implementation | Tagann An Bord Bainistíochta ar chomhaontú maidir le Plean Gnó Corparáideach agus déanann sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean |
| Statement of Strategy Objectives | Ráiteas ar Chuspóirí Straitéise |

### Faireachán ar an Dul Chun Cinn leis na hAirí

Tá faireachán á dhéanamh ar dhul chun cinn i Tuarascáil Bhliantúil na Roinne agus trí fhreastal an Aire/an Aire Stáit ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta, trí nuashonruithe míosúla a sholáthar maidir le liosta tosaíochtaí an Aire agus nuashonruithe tréimhsiúla maidir leis na gealltanais ábhartha atá sonraithe i gClár an Rialtais.

### Luachanna, Iompar agus Cultúr

Tá cúig bhunluach aitheanta ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí ár luachanna faoi réir breithniú críochnúil agus léirítear iontu comhdhearcadh láidir i measc na foirne agus na bpáirtithe leasmhara maidir leis na luachanna atá mar bhonn le seirbhís den scoth a bheith á cur ar fáil ag an Roinn seo.

Tá na luachanna seo bunaithe ar ionchur thromlach na foirne chomh maith le custaiméirí, fostóirí agus baill foirne ó Ranna Rialtais eile a roinn a dtuiscintí agus a dtuairimí linn trí

agallaimh struchtúrtha, ceardlanna idirghníomhacha agus suirbhé ar líne a seoladh chuig gach ball foirne.

**Mar Roinn, is mór againn na nithe seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Seirbhís Phoiblí** | Táimid tiomanta do fhreastal ar mhuintir na hÉireann ar bhealach éifeachtúil agus neamhchlaonta. |
| **Díriú ar Chustaiméirí** | Táimid tiomanta go hiomlán don difríocht dhearfach is féidir linn a dhéanamh do shaol ár gcustaiméirí agus do shochaí na hÉireann. |
| **Gairmiúlacht Iomlán** | Táimid bródúil as ár ngairmiúlacht agus as ár dtiomantas do cháilíocht i ngach rud a dhéanaimid. |
| **Baill Foirne Rannpháirteacha** | Creidimid go bhfuil ár n-éifeachtacht mar eagraíocht ag brath ar fhoireann ardoilte agus rannpháirteach. |
| **Nuáil** | Creidimid go bhfuil ról lárnach inár rath amach anseo ag dearcadh agus timpeallacht a thacaíonn le hoiriúnú agus nuálaíocht. |

Tá na cúig bhunluachanna ailínithe le *Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse* agus le *Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001*. Chomh maith leis sin, tá siad ailínithe le Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030, a bhfuil tiomantas comhchoiteann mar bhonn léi a bhfuil sé mar aidhm léi an fhís seo a leanas a chomhlíonadh: "Státseirbhís nuálach, ghairmiúil agus sholúbtha a fhorbairt a fheabhsaíonn saol mhuintir na hÉireann trí bharr feabhais i seachadadh seirbhíse agus i bhforbairt beartais straitéisigh".

Tá gach ball foirne cuntasach agus tá sé de dhualgas ar gach ball foirne, faoi threoir bainisteoirí sinsearacha, eolas a chur ar chóid, rialacha agus reachtaíocht a bhfuil an Státseirbhís á rialú acu, lena n-áirítear:

- Ní mór do státseirbhísigh a gcuid dualgas a chur i gcrích ar bhealach neamhchlaonta.
- Ní cheadaítear do státseirbhísigh a bpoist oifigiúla a úsáid chun tairbhe dóibh féin nó do dhaoine eile a bhfuil ceangal pearsanta nó gnó acu leo.
- Tá cosc ar Státseirbhísigh, os cionn ghrád an Oifigigh Chléireachais, páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht pholaitiúil ar mhaithe le muinín an phobail i neamhchlaontacht pholaitiúil a áirithiú.
- Níor cheart go bhfaigheadh státseirbhísigh sochair de chineál ar bith ó thríú páirtí a d'fhéadfaí a mheas le réasún a chuirfeadh siad isteach ar a mbreithiúnas pearsanta nó ar a n-ionracas pearsanta maidir lena gcuid oibre mar sheirbhíseach de chuid an Stáit.

Áirítear leis sin cur i bhfeidhm ceanglas maidir le rúndacht oifigiúil a bhaineann le hiarbhaill foirne agus le hIarchomhairleoirí Speisialta freisin. Cuirtear treoir shoiléir ar fáil do bhaill foirne nua atá i mbun oiliúna ionduchtúcháin maidir lena n-oibleagáidí. Lena chois sin, faoi na *Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí*, glactar leis, go huathoibríoch, gur "post ainmnithe fostaíochta" atá ag gach Státseirbhíseach atá ag feidhmiú ag leibhéal an Phríomhoifigigh agus os a chionn. Glactar leis freisin, gur "poist ainmnithe fostaíochta" iad poist nach bhfuil chomh sinsearach sin, e.g., baill foirne atá ag déileáil le conarthaí nó ag obair i réimsí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, chun críocha na *Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí*. Ar bhonn bliantúil, ní mór do gach ball foirne de chuid na Roinne a bhfuil "post ainmnithe fostaíochta" aige nó aici tuairisceán maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh tarlú a chur ar fáil.

Glactar leis sa Roinn go mbaineann tábhacht le cultúr atá bunaithe ar luachanna seirbhíse poiblí a neartú. Tarraingeofar aird na mball foirne ar an bpointe sin, go rialta, go príomha trí oiliúint, fógraí ar an tairseach inlín (Stór), dearbhuithe leasa bliantúla, a gcearta agus a bhfreagrachtaí mar sheirbhísigh phoiblí.

### Nós Imeachta Láimhseála Gearán

#### Custaiméirí

Tá sé mar aidhm ag an Roinn seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar i gcónaí. Tá próiseas foirmiúil bunaithe chun déileáil le moltaí agus gearáin a fhaightear ó chustaiméirí, atá le fáil tríd an Foirm um Sheirbhís do Chustaiméirí.

Tá treoirlínte ar fáil don fhoireann chun cabhrú leo déileáil le gearáin. Nuair a bhí na treoirlínte seo á scríobh tagraíodh d'fhoilseachán de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe dar teideal *Príomhphrionsabail do Chórais Gearán do Chustaiméirí agus Baill Foirne*.

Is foinse luachmhar aiseolais iad moltaí agus gearáin trínar féidir faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin seachadta seirbhíse.

#### Foireann

Bunchloch riachtanach chun seirbhísí na Roinne a sholáthar í timpeallacht oibre dhearfach. Chomh maith le tacaíochtaí ar nós na Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe, tá clár folláine ar fáil chun tacú leis an bhfoireann agus chun a seasmhacht agus a leas a fheabhsú.

### Cumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí

Cruthaíonn **An Oifig Cumarsáide/Preasa** agus **An tAonad um Sheirbhís do Chustaiméirí** feachtais faisnéise poiblí agus cuireann siad faisnéis thábhachtach ar fáil i bhformáidí a thacaíonn le custaiméirí lena áirithiú go bhfuil cliaint agus páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh chomh maith le haon athrú, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm orthu lena n-áirítear láithreacht na Roinne ar na meáin shóisialta chomh maith le dearadh agus brandáil d'fhoilseacháin. Chomh maith leis sin, tacaíonn na haonaid le seirbhís inmheánach níos fearr do chustaiméirí.

### Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Inmheánacha

Mar a mhínítear i gCaibidil 3, eagraíonn an Bord Bainistíochta cruinnithe leis na Príomhoifigigh go léir faoi dhó sa bhliain sa bhreis ar an ngnáthchaidreamh laethúil.

Dá réir sin, táthar ag súil go rachaidh Príomhoifigigh agus bainisteoirí ag gach leibhéal i mbun idirphlé leis an bhfoireann maidir le cleachtais oibre.

Cuirtear baill foirne ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha trí rannpháirtíocht laethúil le bainisteoirí ag gach leibhéal, trí thairseach Inlín na Roinne (Stór) agus trí úsáid a bhaint as bealaí cumarsáide eile lena n-áirítear ríomhphoist uile-foirne, Iris na Foirne (Gnóthaí Sóisialta), feasacháin agus nuachtlitreacha agus trí theachtaireachtaí (lena n-áirítear teachtaireachtaí físe) ón Ard-Rúnaí maidir le saincheisteanna tábhachtacha.

Tugtar cuireadh do bhaill foirne ag gach leibhéal freastal ar fhóraim foirne mhórscála/cruinnithe i halla an bhaile nuair a dhéanann bainisteoirí sinsearacha cur i láthair maidir le príomhábhair agus nuair a eagraítear pléghrúpaí chun ionchur agus aiseolas a fháil ar na hábhair a phléitear.

Déanann baill foirne suirbhéanna rialta freisin trí phróiseas Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse agus trí úsáid a bhaint as 'suirbhéanna cuisle'.

Is uirlis thábhachtach chumarsáide agus chomhoibrithe é Stór a thacaíonn le hobair laethúil na foirne, trí shaoráidí bainistíochta doiciméad a chur ar fáil, tacú le hobair chomhoibríoch ar shuíomhanna comhroinnte, agus rochtain a thabhairt ar fheidhmchláir líne ghnó. Úsáidear an fóram plé ar Stór chun tuairimí a mhalartú, dea-chleachtas a roinnt agus ceisteanna a chur.

Moltar don fhoireann a bheith páirteach san obair agus tacú leis an athrú sa Roinn tríd an gClár Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta. Is é an aidhm atá leis an gclár seo ná an oiread ball foirne agus is féidir a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail a bheidh mar bhonn le próisis agus leis an timpeallacht oibre a fheabhsú. Tá tionscadail a bunaíodh faoin gclár dírithe ar spriocanna sonracha a chomhlíonadh in achar ama sonraithe - trí nó ceithre mhí tar éis tosú go ginearálta. Páirteach san fhoireann, de ghnáth, bíonn thart ar 15 bhall foirne a dhéanann ionadaíocht ar bhaill foirne a bhfuil róil éagsúla acu agus atá ag obair ag gráid dhifriúla.

Sa chás go bhfuil aon scéim/limistéar seirbhíse i mbun próisis seirbhíse a athrú (e.g. córas TF nua a chur i bhfeidhm), tugtar deis do bhaill foirne ón limistéar páirt a ghlacadh i gceardlanna/cluichí pleanála/foirne tionscadail chun cabhrú leis an bpróiseas/córas nua a dhearadh, a fhorbairt agus a thástáil.

### Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Oibríonn an Roinn le páirtithe leasmhara seachtracha éagsúla lena n-áirítear:

- An tOireachtas (Ionadaithe tofa agus páirtithe polaitíochta);
- An pobal (lena n-áirítear iad siúd atá thíos leis an mbochtaineacht agus/nó leis an eisiamh sóisialta);
- Comhlachtaí ionadaíocha custaiméirí;
- An earnáil phobail agus dheonach;
- ENRanna;
- Institiúidí beartais, taighdeoirí agus acadóirí;
- Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile;
- Na hInstitiúidí Eorpacha (an Coimisiún agus an Pharlaimint);
- Na Meáin;
- Eagraíochtaí seachadta seirbhíse sóisialta;
- Earnáil Oideachais agus Sláinte;
- Fostóirí.

An tOireachtas

Tá an Roinn freagrach do Thithe an Oireachtais trí cheisteanna parlaiminte agus tríd an gComhchoiste Oireachtais um Choimirce Shóisialach, Forbairt Pobail agus Tuaithe agus na hOileáin.

Tagann an tArd-Rúnaí os comhair Choiste um Chuntais Phoiblí (CCP) an Oireachtais freisin, de réir mar is gá, tar éis fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Gach mí, cuireann an Roinn ábhar faisnéisithe ar fáil don Oifig Buiséid Pharlaiminteach (OBP) maidir le caiteachas na míosa roimhe sin, ina leagtar amach aon athraitheas suntasach ó chaiteachas próifílithe agus an chúis atá leis sin. Anuas air sin, freagraíonn an Roinn iarratais ad hoc ón OBP. Cuirtear an fhaisnéis a fhaightear sna freagraí sin san áireamh i bhfoilseacháin OBP a dháiltear ar gach comhalta den Oireachtas.

Nuair atá Bille Leasa Shóisialaigh á fhoilsiú, cuireann an Roinn faisnéisiú ar an mBille ar fáil d'urlabhraithe an Fhreasúra. Tá billí, seachas an Bille Buiséid, faoi réir grinnscrúdú réamhreachtach.

Gach sé mhí, cuireann an Roinn tuarascáil ar fáil don Oireachtas maidir le forbairtí an AE. Sa chás go gcuireann an Coimisiún Eorpach Treoir atá le trasuí i dtoll a chéile, cuirtear nóta grinnscrúdaithe maidir leis an Treoir sin ar fáil don Chomhchoiste um Choimirce Shóisialach, Forbairt Pobail agus Tuaithe agus na hOileáin.

Tionscnamh Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

An Roinn:

- Áirithíonn an Roinn cumarsáid rialta le thart ar 30 grúpa ionadaíoch custaiméirí maidir le hathruithe suntasacha seirbhíse trí Fhóram Ionadaíoch Custaiméirí a óstáil ceithre huaire in aghaidh na bliaina;
- Fáiltítear roimh thuairimí custaiméirí ar chaighdeán ár seachadta seirbhíse trí rannpháirtíocht i bhfóraim chomhairliúcháin éagsúla;
- Lorgaítear aiseolas agus moltaí ó chustaiméirí, lena n-áirítear trí shaotharlanna dearaidh seirbhíse agus haiceatóin maidir le bealaí inar féidir linn seachadadh ár seirbhísí a fheabhsú agus gníomhú dá réir;
- Déantar rannpháirtíocht réamhghníomhach le custaiméirí sula bhforbraítear beartais, scéimeanna agus cláir nua.

- Coimisiúnaítear suirbhéanna rialta neamhspleácha (faoi dhó sa bhliain de ghnáth) ar shástacht chliaint Intreo agus Chomhpháirtithe Intreo, déantar suirbhéanna rialta ar shástacht fostóirí agus coimisiúnaítear/déantar meastóireachtaí tionchair mionsonraithe ar scéimeanna agus ar chláir ar leith, lena n-áirítear suirbhéanna cliaint saincheaptha go minic.

An Fóram Réamhbhuiséid

Tá Fóram Réamhbhuiséid, eagraithe ag an Roinn, á reáchtáil gach bliain ó 1988. Is é an aidhm atá leis an bhFóram ná deis a thabhairt don earnáil phobail agus dheonach, d'ionadaithe fostaithe agus fostóirí a dtuairimí agus a dtosaíochtaí maidir le caiteachas coimirce sóisialaí a roinnt i gcomhthéacs an Bhuiséid atá le teacht. Tugtar cuireadh do thart ar 60 eagraíocht pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh ann. Ceaptar modhnóir neamhspleách chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhfóram.

Cuimsiú Sóisialta

Eagraíonn an Roinn Fóram um Chuimsiú Sóisialta gach bliain ar a bhfreastalaíonn grúpaí san earnáil phobail agus dheonach, daoine atá thíos leis an mbochtaineacht agus/nó eisiamh sóisialta, acadóirí, oifigigh shinsearacha agus lucht déanta beartas. Deis a bhíonn san Fhóram don lucht freastail díospóireacht stuama a dhéanamh faoi bheartas bochtaineachta agus cuimsithe shóisialta agus na saincheisteanna gaolmhara is suntasaí atá déanamh imní dóibh. Cuirtear tuarascáil maidir le torthaí an fhóraim i dtoll a chéile agus foilsítear cóip ar líne.

An Colún Pobail agus Deonach

Chomh maith leis sin, reáchtálann an Roinn dhá chruinniú déthaobhacha gach bliain le hionadaithe ón gcolún pobail agus deonach. Roimh na cruinnithe, cuireann foireann an Cholúin ceisteanna scríofa maidir le raon saincheisteanna a bhaineann le hobair na Roinne agus cuirtear freagraí scríofa ar fáil.

Fostóirí

Rinne athstruchtúrú ar sheirbhísí Chaidreamh idir Fostóirí - ó fhoirne rannáin ar fud na tíre go dtí Foireann Náisiúnta Chaidreamh idir Fostóirí, foireann aontaithe amháin, ón 1ú Eanáir 2022. Tá an Rannán freagrach as seirbhísí chaidreamh idir fostóirí a chur ar fáil ag leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear tacaíocht earcaíochta agus cúnamh airgeadais do thionscnaimh earcaíochta shonracha do chuardaitheoirí poist agus do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas. San áireamh i measc na ngnéithe eile de sheirbhísí d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist tá

- EURES: seirbhís earcaíochta agus tras-shoghluaisteachta AE/LEE do chuardaitheoirí poist,
- An Clár Socrúcháin Taithí Oibre (CSTO); clár taithí oibre maoinithe do chuardaitheoirí poist le gnólachtaí óstacha
- Comhpháirtíocht Trasteorann le haghaidh Seirbhísí Fostaíochta: comhoibriú leis an Roinn Pobal, Tuaisceart Éireann agus le páirtithe leasmhara eile atá ionadaíoch d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist
- JobsIreland; na seirbhísí earcaíochta agus meaitseála poist ar líne a chuireann eolas ar fáil faoi imeachtaí earcaíochta agus oiliúna freisin
- Tionscnamh FutureBuilding - seirbhís atá dírithe ar sheirbhís earcaíochta agus gníomhachtaithe chun tacú le hearcaíocht don earnáil tógála mar chuid den Tionscnamh 'Tithíocht do Chách'.

Bíonn an Rannóg i dteagmháil freisin le hionadaithe earnála agus oibríonn foireann na Rannóige le seirbhísí rialtais eile lena n-áirítear na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus na hOifigí Fostaíochta Áitiúla (OFÁnna).

www.gov.ie/rcs

Déanann an tAonad na hOifige Cumarsáide/Preasa bainistíocht ar shuíomh gréasáin na Roinne ar www.gov.ie, arb ionann é agus an príomhnasc faisnéise idir an Roinn agus an pobal. Tarraingíonn sé aird ar sheirbhísí digiteacha na Roinne atá ar fáil trína tairseach dhigiteach ar líne ag MyWelfare.ie freisin.

Le fáil ar www.gov.ie/dsp tá:

- Eolas maidir le scéimeanna agus seirbhísí na Roinne;
- Comhdhlúthú reatha de *Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005* chun léargas a thabhairt ar na hathruithe reachtacha atá curtha i bhfeidhm ar an acht seo;
- Foilseacháin chorparáideacha e.g. Tuarascálacha Bliantúla, Ráiteas Straitéise;
- Comhairliúcháin phoiblí;
- Tuarascálacha bunaithe ar Fhaisnéis Staidrimh.

Na Meáin

Cuireann an Phreasoifig seirbhís ar fáil trí gach ceist agus iarratas ar agallaimh ó na meáin a bhainistiú agus trí phreaseisiúintí a eisiúint chuig na meáin réigiúnacha agus náisiúnta maidir le tionscnaimh, scéimeanna agus seirbhísí na Roinne.

### Rannpháirtíocht ag Leibhéal Idirnáisiúnta

Tá baint ag an Roinn le raon grúpaí atá ag feidhmiú ag leibhéal an AE, lena n-áirítear an Coiste um Choimirce Shóisialach agus Líonra na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta. Clúdaíonn siad seo gníomhaíochtaí éagsúla – beartas agus reachtaíocht a fhorbairt, tuairisciú ar dhul chun cinn agus dea-chleachtas maidir le rialacha slándála sóisialaí a chomhordú agus seirbhísí fostaíochta poiblí a sheachadadh.

Tá ceanncheathrú an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) in Éirinn. Tá gníomhaíochtaí Eurofound dírithe ar fhianaise a chur ar fáil d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta, fianaise is féidir a úsáid chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh bheartais an Aontais i réimse na sochaí agus na fostaíochta. Is ball malartach de Bhord Rialaithe Eurofound é an Roinn.

Taobh amuigh den AE, oibríonn an Roinn le roinnt comhlachtaí idirnáisiúnta freisin cosúil le Comhairle na hEorpa (tá an roinn freagrach as tuairisciú na hÉireann maidir leis an gCód Eorpach Sóisialta a chomhordú), ECFE agus an Cumann Slándála Sóisialta Idirnáisiúnta.

Tá liosta de na príomh-bhuanchoistí agus de na príomhghrúpaí, atá ag feidhmiú ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta, a bhfuil ionadaíocht ag an roinn orthu, le fáil san Aguisín.

| | |
|---|---|
| ***Prionsabal an Rialachais 2*** | Cuidíonn an dea-rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i dtéarmaí tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha agus sochaíocha agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na beartais agus na hidirghabhálacha atá riachtanach chun na tosaíochtaí agus na torthaí sin a bhaint amach. Ciallaíonn sé dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, iniúchadh agus grinnscrúdú chun cuntasacht éifeachtach a sholáthar. |

### Aire

Tá an tAire i gceannas ar an Roinn agus tá sé freagrach don Oireachtas as gach gné d'fheidhmiú fhreagracht na Roinne.

Ní thagann an Creat Rialachais seo in ionad Fhoirceadal Carltona ná ní fhorghabhálann sé é ionas gur féidir le hoifigigh a bhfuil sinsearacht agus freagracht áirithe acu, cumhachtaí atá dílsithe don Aire a fheidhmiú, gan aon ghníomh sainráite tarmligin. Tá an tAire freagrach go dlíthiúil as gach gníomh de chuid na Roinne[1].

Freastalaíonn an tAire ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta agus déanann sé/sí cathaoirleacht orthu ar bhonn tréimhsiúil (gach 4ú cruinniú de ghnáth) ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le míreanna tosaíochta agus chun faisnéis a fháil faoi shaincheisteanna agus gníomhaíochtaí eile atá ar siúl laistigh den roinn.

### Cinntí an Aire a Thaifeadadh

Cuirtear aighneachtaí foirmiúla, ag lorg cinneadh ón Aire nó ag iarraidh ar an Aire aird a thabhairt ar sheasamh, ó oifigigh faoi bhráid an Aire trí Rúnaí Príobháideach an Aire trí úsáid a bhaint as an gcóras ríomhaighneachtaí. Déileálann an Ceann Roinne le haighneachtaí sula gcuirtear faoi bhráid rúnaí príobháideach an Aire iad. Cuirtear cóip de na haighneachtaí ar fáil do Chomhairleoir(í) an Aire. Taifeadann oifigigh cinneadh nó seasamh an Aire sa chomhad ábhartha. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tAire bualadh le hoifigigh chun eolas maidir le cinntí agus seasamh a roinnt lena chéile. Taifeadtar iad seo i nóta comhaid.

[1] Foráiltear le hAirteagal 28.4.2 den Bhunreacht go mbeidh an Rialtas trí chéile freagrach as Ranna Stáit atá 'á riar' ag Comhaltaí an Rialtais. Faoi Airteagal 28.12 den Bhunreacht tá Airí i gceannas ar Ranna Stáit. Is iad na príomhfhorálacha reachtacha a rialaíonn cumhachtaí an Aire, an tAcht Airí agus Rúnaithe 1924-2013 agus an tAcht um Bainistíocht na Seirbhísí Poiblí 1997.

# Caibidil 2: Róil an Aire agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí.

### An tAire Stáit

Is ar an Aire atá an fhreagracht iomlán as gach gné d'obair na Roinne. Féadfaidh an Rialtas Aire Stáit a cheapadh ar ainmniúchán an Taoisigh, áfach. Féadfaidh an Rialtas cinneadh a dhéanamh dualgais aireachta áirithe a tharmligean chuig an Aire Stáit, faoi réir mhaoirseacht an Aire. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAire nó an tAire Stáit na dualgais tarmligthe sin a chomhlíonadh.

### An Caidreamh leis na hAirí Stáit

Tá córas den chineál céanna in úsáid ag an Roinn do chumarsáid agus caidreamh leis na hAirí Stáit agus atá leis an Aire.

### Cumas Ceannaireachta agus Eagraíochta

Tá an fhoireann bhainistíochta i gceannas ar chur i bhfeidhm na gcóras, na bpróiseas agus na n-iompar atá riachtanach chun dea-rialachas corparáideach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta ionas go n-oibreoidh gach ball foirne le chéile mar fhoireann ardfheidhmíochta. Tá sé de fhreagracht ar an bhFoireann Bhainistíochta Shinsearach, faoi cheannas an Ard-Rúnaí agus an Bhoird Bainistíochta, rialachas éifeachtach a áirithiú trí thacú le dea-chleachtas agus dea-iompar. Cuireann an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach a thiomantas do chuspóirí an Rialtais a chomhlíonadh trí phróisis chuntasacha, agus ar an tslí sin, sampla soiléir a leagan síos do gach ball foirne.

### An tArd-Rúnaí

Is é nó í an tArd-Rúnaí ceann riaracháin na roinne agus is air nó uirthi atá an fhreagracht fhoriomlán bainistíochta as caighdeán na comhairle a chuirtear faoi bhráid an Aire.

Leagtar amach in Acht Airí agus Rúnaithe 1924 freagrachtaí reachtúla an Ard-Rúnaí. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, sanntar dualgais áirithe don Ard-Rúnaí laistigh den Roinn lena n-áirítear:

- an Roinn a bhainistiú;
- beartais Rialtais atá oiriúnach don Roinn a chur i bhfeidhm;
- aschuir a sheachadadh de réir mar a chinntear leis an Aire;
- comhairle a chur ar an Aire agus acmhainní a úsáid chun freastal ar cheanglais Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, maidir le rialtacht agus cuibheas chomh maith le geilleagar, éifeachtúlacht agus éifeachtacht;
- Ráitis Straitéise a ullmhú atá le cur faoi bhráid an Aire;

- tuarascálacha ar dhul chun cinn a chur ar fáil don Aire maidir le cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise;
- úsáid chuí acmhainní agus soláthar seirbhísí poiblí atá éifeachtúil ó thaobh costas de a áirithiú;
- A áirithiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun lántairbhe a bhaint as éifeachtúlacht i gcúrsaí tras-rannacha;
- Breac-chuntas a ullmhú maidir leis an gcaoi a sannfar freagrachtaí sonracha chun a áirithiú go gcomhlíonann oifigeach cuí, nó oifigeach de ghrád nó de chéim chuí, na feidhmeanna a chomhlíontar thar ceann an Aire, agus
- Nithe a bhaineann le ceapacháin, feidhmíocht, araíonacht agus dífhostú státseirbhíseach faoi bhun ghrád an Phríomhoifigigh nó a chomhionann a bhainistiú.

### Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Rúnaí)

Feidhmíonn an tArd-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta don Roinn freisin. Tá breac-chuntas mionsonraithe ar ról an Oifigigh Cuntasaíochta le fáil in Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998, Meabhrán d'Oifigigh Chuntasaíochta agus sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as cistí poiblí agus maoin atá faoina smacht a chosaint; rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart go léir i ngach Cuntas Leithreasa ar a mbeidh a s(h)íniú; agus éifeachtúlacht agus barainneacht modh riaracháin ina Roinn. Sa chomhthéacs seo, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach go pearsanta don Choiste um Chuntais Phoiblí as rialtacht, cuibheas agus luach ar airgead trí dhianscrúdú iarfhíriciúil a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil a gcuid freagrachtaí á gcomhlíonadh ag Oifigigh Chuntasaíochta trí iniúchadh agus scrúduithe neamhspleácha a bheidh á ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gcuntas leithreasa (cuntas caiteachais agus fáltas) agus ní mór dó nó di é a shíniú go pearsanta le haghaidh gach 'Vóta' a bhfuil sé nó sí freagrach as. Tá Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí freagrach as Vóta 37 agus as an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS). Leagtar amach in Alt 9 d' Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 freagrachtaí an Aire Coimirce Sóisialaí agus an Aire Airgeadais maidir le CÁS.

Is éard atá in CÁS ná cuntas reatha agus cuntas infheistíochta. Tá an tAire Coimirce Sóisialaí freagrach as an gcuntas reatha agus tá an tAire Airgeadais freagrach as an gcuntas infheistíochta.

Sa chuntas reatha taifeadtar gach fáltas agus íocaíocht a bhaineann le CÁS agus comhdhlúthaítear ann idirbhearta agus iarmhéideanna airgeadais a bhaineann leis an gcuntas infheistíochta. Tá an cuntas seo sínithe ag Ard-Rúnaí na Roinne seo.

Cuireann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na Cuntais Leithreasa faoi bhráid Dháil Éireann. Tíolactar an cuntas CÁS don Oireachtas gach bliain.

### Na Comhairleoirí Speisialta don Aire

Is iad príomhfheidhmeanna na gComhairleoirí Speisialta a áirithiú go bhfuil cuspóirí an Rialtais á gcomhlíonadh agus comhordú éifeachtach i ndáil le cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais a áirithiú.

Déantar cur síos ar ról agus dualgais Comhairleoirí Speisialta in Alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Go hachomair, is é ról na gComhairleoirí Speisialta ná cabhrú leis an Aire nó leis an Aire Stáit tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- comhairle a chur ar fáil;
- monatóireacht, éascú agus daingniú a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go bhfuil cuspóirí Rialtais a bhaineann leis an Roinn á gcomhlíonadh, de réir mar a iarrtar; agus
- cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a ordófar le linn dó nó di a bheith cuntasach don Aire nó don Aire Stáit chomh fada is a bhaineann leis na feidhmeanna sin a chomhlíonadh. Comhlíonann an Comhairleoir Speisialta a ról in éineacht leis na státseirbhísigh shinsearacha chun tacú leis an Aire agus le Rialtas an lae. Níl Comhairleoirí Speisialta páirteach i gcóras bainistíochta líne na Roinne.

Chun a áirithiú go bhfuil soiléireacht ann maidir leis an idirghníomhaíocht idir Comhairleoirí Speisialta agus státseirbhísigh, cuirtear faisnéisiú ar fáil do Chomhairleoirí Speisialta, agus iad á gceapadh, ar ábhair amhail socruithe rialachais, sreafaí faisnéise agus nósanna imeachta cinnteoireachta.

### An Oifigeach Idirchaidrimh Aireachta (OIA)

Chomh maith le freagracht fhoriomlán a bheith ar Oifig an Aire, is é ról an OIA ná tacú leis an Aire a c(h)uid freagrachtaí a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla is

féidir.

Déanann an OIA athbhreithniú ar pháipéir faisnéise agus ar mheabhráin, d'fhonn a áirithiú go gcuirtear ábhar faisnéise ar ardchaighdeán ar fáil don Aire in am. Oibríonn an OIA i ndlúthpháirt le comhairleoirí an Aire chun comhordú éifeachtach chlár oibre an Aire a áirithiú.

San áireamh sa ról seo freisin tá oibriú leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach chun saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a réamh-mheas agus chun a áirithiú go bhfuil an tAire agus na comhairleoirí ar an eolas faoi na saincheisteanna seo agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an Aire Stáit chun tacaíocht a chur ar fáil maidir lena bhfreagrachtaí sa Roinn.

### Róil & Freagrachtaí na Foirne Bainistíochta Sinsearaí a Shannadh

Tugann Alt 4(1) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 cumhacht don Ard-Rúnaí freagracht as comhlíonadh a bhfeidhmeanna a shannadh d'oifigigh eile de chuid na Roinne (nó grád nó gráid oifigigh). Déantar é seo a nuashonrú go rialta ar www.whodoeswhat.gov.ie

### Bainistíocht Acmhainní Daonna

Chun a áirithiú go bhfuil an Roinn in ann a sainordú a chomhlíonadh, tá creat pleanála foireann oibre forbartha ag an Roinn ionas gur féidir léi glacadh le freagracht as cumas oibriúcháin na heagraíochta ina hiomláine a bhainistiú. Tá straitéis AD ag tacú leis seo, Straitéis Daoine 2020-2023 a threisíonn cumas na Roinne dúshláin a bhaineann leis an bhfoireann oibre faoi láthair a bhainistiú mar aon le dúshláin a bheidh ann amach anseo.

### Rialachas agus Slándáil TFC

Tá clár oibre mar bhonn le modh riartha scéimeanna agus seirbhísí na Roinne a bhfuil sé mar aidhm leis seachadadh seirbhíse a fheabhsú go leanúnach, chun freastal ar riachtanais athraitheacha custaiméirí agus chun lántairbhe a bhaint as buntáistí na teicneolaíochta nua. Tríd an bpróiseas rialachais tionscadail (féach Caibidil 3), ceadaítear tograí agus tionscnaimh tionscadail agus tugtar tús áite dóibh agus sanntar buiséid agus acmhainní lena n-aghaidh.

Is príomhphrionsabal é córais ríomhaireachta shlána a sholáthar d'oibríochtaí Rannóg na gCóras Faisnéise (RCF). Tuigeann foireann na Roinne gur gné thábhachtach de straitéis fhoriomlán iad bearta sonracha TFC chun córais straitéiseacha a chosaint ó chliseadh. Dírítear ar shlándáill bhonneagar TFC na Roinne ag go leor leibhéal agus tá faisnéis mhionsonraithe le fáil sa straitéis TFC.

Oibríonn an tAonad Slándála Faisnéise RCF i gcomhar leis an Aonad um Chosaint Sonraí agus leis an Aonad Bainistíochta Saoráidí (atá freagrach as foirgnimh fhisiciúla lena n-áirítear na hionaid sonraí) chun slándáil chórais na roinne a áirithiú.

### Coimeád Taifead, Bainistíocht Sonraí agus Bainistíocht Faisnéise

Tá dualgas ar an Roinn taifid a dhéanamh agus a choimeád maidir lena gníomhaíochtaí agus cinntí ar fad agus córas bainistíochta taifead éifeachtach a bhunú. Gné riachtanach d'obair na mball foirne go léir is ea taifid a dhéanamh, a choinneáil agus a choimeád. Tá gach ball foirne freagrach as taifid maidir lena gcuid oibre féin a dhéanamh agus a choimeád. Tá bainisteoir taifead tiomnaithe ag an Roinn.

Tá bainisteoirí freagrach as a áirithiú go bhfuil struchtúir agus rialachas cuí i bhfeidhm chun taifid a bhainistiú ina réimsí féin chun ceanglais na Cartlainne Náisiúnta, na reachtaíochta um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise a chomhlíonadh, mar aon le hiniúchadh agus grinnscrúdú inmheánach agus seachtrach.

| | |
|---|---|
| ***Prionsabal Rialachais 3*** | Ciallaíonn dea-rialachas cumas na Roinne a fhorbairt, lena n-áirítear cumas na foirne ceannaireachta, bainistíochta agus foirne. |

### Struchtúir Bhainistíochta na Roinne

De réir shannadh na bhfeidhmeanna a dhéanann an tArd-Rúnaí, tá sé de fhreagracht ar an Leas-Rúnaí agus ar na Rúnaithe Cúnta seachadadh fheidhmeanna oibríochtúla na Roinne a bhainistiú agus tá siad cuntasach as na freagrachtaí sin don Ard-Rúnaí (An Bord Bainistíochta). Féadfaidh an Bord Bainistíochta fochoistí agus/nó boird chláir a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a éilíonn scrúdú níos mionsonraithe sula ndéanfaidh an Bord Bainistíochta féin cinneadh.

Tá an Leas-Rúnaí nó an Rúnaí Cúnta a bhfuil freagracht fheidhmiúil air nó uirthi as réimse ar leith freagrach as gach próiseas a bhaineann le forbairt agus seachadadh tograí agus gníomhaíochtaí laistigh dá réimsí féin a bhainistiú.

Ina c(h)áil mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá an tArd-Rúnaí freagrach agus cuntasach i ndeireadh na dála. Faigheann an tArd-Rúnaí cúnamh ó Bhord Bainistíochta a fheidhmíonn mar fhoireann agus mar fhórsa aontaithe, a sholáthraíonn ceannaireacht agus treoir agus a spreagann athrú ar fud na heagraíochta. Tá sé de fhreagracht ar an mBord Bainistíochta a áirithiú go bhfuil an Roinn á bainistiú ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil a cuspóirí á gcomhlíonadh go héifeachtach, go héifeachtúil agus go barainneach agus go bhfuil gach ceanglas reachtach agus rialála ábhartha á chomhlíonadh.

### An Bord Bainistíochta

Seo a leanas ról an Bhoird Bainistíochta:

- Ceannaireacht a thabhairt agus tacú le straitéis agus nuálaíocht;
- Meicníochtaí rialaithe a shainiú chun acmhainní poiblí a chosaint;
- Faireachán a dhéanamh ar bhainistíocht fhoriomlán ghnó na Roinne (feidhmeanna oibríochtúla, forbartha beartais agus tacaíochta);
- Tuairisciú maidir le maoirseacht agus feidhmíocht;
- Tosaíochtaí straitéiseacha a shonrú agus tacú leo. Forbairt agus cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise, an Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Phlean Athnuachana

na Státseirbhíse, agus próiseas Pleanála Gnó agus Bainistíochta Riosca a cheadú, a athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh orthu;

- Athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na heagraíochta;
- Leithdháileadh acmhainní ardleibhéil (airgeadais agus daonna) a athbhreithniú agus a dheimhniú;
- A áirithiú go ndéantar Athbhreithnithe ar Chumas & Acmhainn Eagraíochtúil go tréimhsiúil;
- Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna trasrannacha inmheánacha ardleibhéil, lena n-áirítear ceisteanna suntasacha oibríochtúla;
- Cumarsáid éifeachtach ar fud na heagraíochta a áirithiú lena n-áirítear faisnéis maidir le ról agus cinntí an Bhoird Bainistíochta a scaipeadh;
- Rannpháirtíocht leis an bhfoireann agus cumarsáid le páirtithe leasmhara seachtracha a spreagadh;
- Mórcheisteanna beartais agus saincheisteanna seachtracha tábhachtacha a bhreithniú agus a phlé;
- A áirithiú go bhfuil deiseanna ann chun tairbhe a bhaint as teicneolaíocht agus nuálaíocht chun an modh seachadta seirbhísí a athrú ó bhonn; agus
- Tacú le rialachas láidir.

### Ballraíocht an Bhoird Bainistíochta

Is é nó í an tArd-Rúnaí atá freagrach as ballraíocht an Bhoird Bainistíochta ach tá ionadaithe cuí ó gach réimse den Roinn páirteach ann. Is é an tArd-Rúnaí cathaoirleach an Bhord Bainistíochta agus páirteach ann freisin tá an Leas-Rúnaí agus Rúnaithe Cúnta uile na Roinne, an Príomhoifigeach Achomhairc agus an Príomhoifigeach Leighis.

### Príomhchaidrimh an Bhoird Bainistíochta

Oibríonn an Bord Bainistíocht i ndlúthchomhar leis an Aire/leis na hAirí Stáit, le Comhairleoirí Speisialta an Aire/na nAirí agus le Príomhfheidhmeannaigh na gcomhlachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne.

Foilsítear miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Bainistíochta ar inlíon an RCS (Stór).

Déanann baill an Bhoird Bainistíochta tréaniarracht cuairt a thabhairt ar oifigí na Roinne lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Lorgaítear deiseanna chun teagmháil a dhéanamh leis an líon is mó ball foirne agus is féidir trí fhóraim éagsúla.

Féadfaidh an tArd-Rúnaí cuireadh a thabhairt do Phríomhfheidhmeannaigh gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi shainchúram na Roinne, aird an Bhoird Bainistíochta a tharraingt ar shaincheisteanna ábhartha.

### Oibriú agus Róil an Bhoird Bainistíochta

Tá an tArd-Rúnaí freagrach as éifeachtacht an Bhoird Bainistíochta a áirithiú i ngach gné dá ról agus dá fheidhmeanna agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a fheidhmíocht.

Áirithíonn an tArd-Rúnaí go gcuirtear gach ball nua den Bhord Bainistíochta ar an eolas faoina róil agus faoina bhfreagrachtaí. Go hiondúil, buaileann baill an Bhoird Bainistíochta le chéile dhá uair sa mhí ar a laghad, ina gcáil mar Bhord Bainistíochta, agus eagraítear cruinniú eile ina gcáil mar Choiste an Tionscadail (Féach thíos).

Feidhmíonn an tArd-Rúnaí mar chathaoirleacht ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta agus socraíonn sé nó sí an clár oibre i gcomhairle le Rúnaí an Bhoird Bainistíochta. Déanann an tArd-Rúnaí cinneadh maidir leis na saincheisteanna ba cheart a phlé, tosaíocht gach míre, an méid ama a chaitear i mbun plé agus an fhaisnéis is gá a scaipeadh roimh ré.

Bítear ag súil go mbeidh gach ball i láthair ag gach cruinniú iomlán ach amháin i imthosca eisceachtúla agus le cead ón Ard-Rúnaí. Bítear ag súil go mbeidh an fhaisnéis ar fad léite ag baill an Bhoird Bainistíochta agus go mbeidh siad in ann cur leis an bplé.

Tá Rúnaithe Cúnta, a bhfuil freagracht fheidhmiúil orthu as réimse ar leith, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach próiseas a bhaineann le forbairt agus seachadadh tograí agus gníomhaíochtaí laistigh dá réimse féin, lena n-áirítear aird a tharraingt ar mhíreanna nach mór don Bhord Bainistíochta a phlé agus cinneadh a dhéanamh maidir leo. Bítear ag súil go nglacfaidh siad páirt iomlán i mbainistíocht na Roinne ar fad, go soláthróidh siad ceannaireacht agus treo straitéiseach agus go gcuirfidh siad straitéisí lasmuigh dá réimsí féin i bhfeidhm. Is cuí coistí a bhunú maidir le saincheisteanna tras-rannacha nó nuair is gá don Bhord Bainistíochta scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna áirithe.

Aontaíonn baill an Bhord Bainistíochta ar ábhair ar mhaith leo a bheith ar an eolas fúthu i rith na bliana agus tagann siad ar chomhaontú maidir le fráma ama cuí. Déantar athbhreithniú air seo gach ráithe.

San áireamh i measc na Míreanna Tréimhsiúla/Buana tá:

- Ceisteanna a bhaineann leis an AE;
- Athbhreithniú ar thuarascálacha suntasacha agus ar dhoiciméid eile a foilsíodh cosúil le Ráitis Straitéise, Tuarascálacha Bliantúla, Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca;
- Pointí gníomhaíochta ó chruinnithe de chuid an Bhoird Bainistíochta a reáchtáladh roimhe seo;
- Feidhmíocht ghnó agus bainistíocht riosca;
- Feidhmíocht airgeadais, Meastacháin agus Buiséid;
- Feidhmíocht oibríochtúil;
- Forbairtí beartais agus reachtacha;
- Acmhainní Daonna;
- Seirbhís do chustaiméirí;
- Cosaint sonraí;
- Stádas mórthionscadal (i.e. iad siúd a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo).

Ní mór do bhaill den Bhord Bainistíochta ar mian leo míreanna a chur ar an gclár, sonraí beachta maidir leis na míreanna sin a chur faoi bhráid Rúnaí an Bhoird Bainistíochta seachtain ar a laghad roimh an gcéad chruinniú sceidealta eile.

### Coistí an Bhoird Bainistíochta

Bunaíonn an Bord Bainistíochta fochoistí chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a éilíonn scrúdú níos mionsonraithe sula ndéanann an Bord Bainistíochta cinneadh. Tá dhá fhochoiste de chuid an Bhoird Bainistíochta bunaithe faoi láthair:

### 1. An Coiste um Rialachas Tionscadal (CRT)

Is coiste de chuid an Bhoird Bainistíochta é an CRT a bhfuil an tArd-Rúnaí ina chathaoirleach air agus a bhfuil an Leas-Rúnaí agus na Rúnaithe Cúnta go léir páirteach ann. Bíonn cruinniú ag an CRT thart ar uair amháin gach sé seachtaine. Tá an CRT freagrach as rialachas corparáideach maidir le cláir, tionscadail agus tograí a mheas, a chur in ord tosaíochta agus faireachán a dhéanamh orthu de réir an Ráitis Straitéise, Chlár an Rialtais agus pleananna gnó. Déanann sé faireachán ar phróisis soláthair agus ceadaíonn sé soláthairtí suntasacha.

Tacaíonn an Oifig Tionscadal leis an CRT a reáchtáil go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tá sé freagrach as creat bainistíochta tionscadail agus beartas soláthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Roinn.

Tacaíonn an Oifig Tionscadal le dea-chleachtas i mbainistíocht agus soláthar tionscadal a chur chun cinn agus le bainisteoirí tionscadail agus le baill foirne a bhfuil baint acu le soláthar trí nósanna imeachta agus teimpléid a chur ar fáil.

Tá tionscadail aonair ailínithe le Bord Cláir. Tá tacaíocht do gach Bord Cláir ar fáil ó Rúnaí Cúnta agus tá gach tionscadal á bhainistiú ag Príomhoifigeach (Bainistíocht Sonraí, Seirbhísí Digiteacha, Rialú, Gníomhachtú agus Seachadadh Seirbhíse, mar shampla).

### 2. An Coiste Reachtaíochta

Is é an tArd-Rúnaí atá ceaptha mar chathaoirleach ar an gCoiste Reachtaíochta.

Bíonn baill foirne ón Aonad Reachtaíochta agus comhairleoirí dlí i láthair agus cuireann siad tacaíocht ar fáil de réir mar is gá. Ní mór do gach Rúnaí Cúnta a bhfuil tograí acu ar an gclár oibre reachtach freastal ar chruinnithe an Choiste.

Seo a leanas cuspóir an Choiste Reachtaíochta:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thograí maidir le cáilíocht, iomláine, ullmhacht le haghaidh cur i bhfeidhm agus comhlíonadh cuspóirí beartais foriomlána;
- Aird a tharraingt ar shaincheisteanna atá le réiteach (beartas, oibríochtúil, dlí, tras-rannach);
- Tús áite a thabhairt do thograí;
- An t-eolas is déanaí a roinnt leis an mBord Bainistíochta de réir mar is cuí.

### 3. An Coiste Beartais

Is é an Rialtas agus an tAire atá freagrach as ceapadh beartais comhsheasmhach le hacmhainní agus srianta buiséadacha. Féadfaidh an tAire grúpaí comhairleacha a bhunú, cosúil leis an gCoimisiún Pinsean chun leas a bhaint as tuairim agus taithí shaineolach agus chun fóram a chur ar fáil ar féidir leis an Aire saincheisteanna sonracha a chur faoina bhráid. Tá moltaí a chuirtear faoi bhráid an Aire bunaithe ar fhianaise.

Tá Coiste Beartais ag tacú le ceapadh beartais, Coiste a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil don Bhord Bainistíochta, do Bhoird Chláir agus do Rannáin chun saincheisteanna dúshlánacha a bhreithniú nó chun comhairle maidir le beartas a thabhairt ag leibhéal straitéiseach.

Is í príomhfheidhm na gcoistí go léir ná cabhrú leis an mBord Bainistíochta a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Tá na moltaí ar fad a thagann chun cinn ó na coistí san áireamh i miontuairiscí na gcoistí atá le scaipeadh ar bhaill an Bhoird Bainistíochta roimh na cruinnithe.

### Athbhreithniú ar Fheidhmíocht

Déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhoird Bainistíochta ar bhonn tréimhsiúil. Déantar éifeachtacht a thomhas i gcomparáid le ról, feidhm agus modh oibre an Bhoird Bainistíochta. Is ar bhonn féinmheasúnaithe a dhéantar é seo.

Déanfar athbhreithniú níos cuimsithí gach trí bliana lena n-áireofar féinmheasúnú ar chuspóirí an Bhoird, caidrimh le páirtithe leasmhara, breithnithe eiticiúla, bainistíocht riosca, iniúchadh agus saineolas agus dinimic an bhoird.

### Tacaíocht don Bhord Bainistíochta

Tuairiscíonn Rúnaí an Bhoird Bainistíochta go díreach don Ard-Rúnaí maidir le gnó an Bhoird Bainistíochta. Áirithíonn an Rúnaí go gcuirtear gach doiciméad cuí ar fáil do bhaill in am, go dtaifeadtar miontuairiscí na gcruinnithe agus go dtacaítear le gnó an Bhoird Bainistíochta idir cruinnithe.

### Rialachas thar Theorainneacha Eagraíochtúla

Is ball an tArd-Rúnaí de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus de Bhord Comhairleach na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá roinnt ball foirne páirteach i seirbhís grúpaí oifigeach sinsearach idir-rannach na Roinne ag cabhrú le comhordú níos leithne na státseirbhíse agus le ceapadh beartais. Leagann an Roinn béim ar an tábhacht a bhaineann leis an rannpháirtíocht seo chun tosaíochtaí Rialtais níos leithne a sheachadadh agus geallann an Roinn tairbhe a bhaint as cur chuige idirspleách agus coláisteach ina cuid déileálacha go léir le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile.

Tacaíonn Oifigigh Shinsearacha le hobair Choiste Comh-Aireachta COVID-19 agus leis an obair atá á déanamh ag an gCoiste Comh-Aireachta um Ghnóthaí Sóisialta agus Comhionannas.

Chomh maith leis sin, tá ionadaíocht ag an Roinn ar agus tá sí ag obair le roinnt comhlachtaí AE agus idirnáisiúnta (féach Aguisín).

| | |
|---|---|
| ***Prionsabal Rialachais 4*** | Ciallaíonn dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha bainistíochta feidhmíochta. |

### Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe

Déanann an tArd-Rúnaí socrú chun ráiteas bliantúil ar Rialú Inmheánach Airgeadais a ullmhú. Nuair a bhíonn sé sásta maidir lena chruinneas, síníonn an tArd-Rúnaí é agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste é ag dearbhú an chur chuige agus an fhreagracht as bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus rialachas corparáideach.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as Vóta 37, déanann an tArd-Rúnaí socrú maidir le hullmhú bliantúil an chuntais leithreasa don Vóta agus do chuntas an Chiste Árachais Shóisialaigh. Nuair a bhíonn sé sásta maidir le cruinneas na gcuntas, síníonn an tArd-Rúnaí iad agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad lena n-iniúchadh.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, áirithíonn an tArd-Rúnaí an méid seo a leanas:

- Go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an roinn agus go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht leanúnach;
- Go n-áirithítear timpeallacht dhearfach rialaithe airgeadais trí roinnt gnéithe:
  - go sanntar freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
  - go mbunaítear socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais;
  - go mbunaítear nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a áirithiú; agus
  - go bhfuil Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí maidir le freagrachtaí a chomhlíonadh don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, an méid seo a leanas:

  - go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach air;
  - go ndéanann an fhoireann bhainistíochta shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
  - go bhfuil córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den roinn;
  - go bhfuil córais dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú;
  - go bhfuil treoirlínte iomchuí bunaithe chun infheistíocht chaipitil a rialú mar aon le disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla; agus
  - go bhfuil béim leordhóthanach á leagan ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm d'fhonn a áirithiú go bhfuil na treoirlínte ábhartha go léir á gcomhlíonadh.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, áirithíonn an tArd-Rúnaí go bhfuil socruithe dearbhaithe, maidir le rialuithe inmheánacha agus socruithe iniúchta, i bhfeidhm agus á gcothabháil leis an Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), comhsheasmhach le Comhaontuithe Bainistíochta Seirbhíse ábhartha maidir leis an Ionad Seirbhísí Comhroinnte AD (PeoplePoint) agus an tIonad Seirbhíse Comhroinnte Párolla. Cuirfear socruithe dearbhaithe i bhfeidhm leis an Oifigeach Cuntasaíochta cuí sa chás go ndéanfar aon socruithe seirbhíse comhroinnte eile amach anseo.

Tá **Coiste Iniúchta agus Riosca** bunaithe a bhfuil a Chairt féin aige agus tá téarmaí tagartha comhaontaithe aige leis an roinn. Baineann neamhspleáchas le ról an Choiste Iniúchta agus Riosca agus dearbhú a thabhairt don Ard-Rúnaí.

- Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar na nósanna imeachta rialaithe gnó agus rialachais chorparáidigh laistigh den roinn, ná maoirseacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar ábhair a bhaineann le (a) oibríochtaí agus forbairt na feidhme iniúchta inmheánaigh; agus (b) an timpeallacht rialaithe gnó, bainistíochta riosca agus rialachais;
- Níl an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as aon fheidhm feidhmiúcháin agus níl sé dílsithe le haon chumhacht feidhmiúcháin;
- Tá ról comhairleach ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca i ndáil lena dhualgais agus feidhmeanna laistigh den roinn;

- Páirteach as Choiste Iniúchta agus Riosca tá Cathaoirleach agus ceathrar gnáthbhall ar a laghad arna gceapadh ag an Ard-Rúnaí de bhua a dtaithí i réimsí saineolais a bhaineann le feidhmeanna an Choiste. Tá leath de na baill ar a laghad lasmuigh den roinn agus déantar ceapacháin ar an gCoiste, mura gcinneann an tArd-Rúnaí a mhalairt, ar feadh tréimhse trí bliana;
- Is é an tArd-Rúnaí a cheapann an Cathaoirleach ó bhaill sheachtracha an Choiste. Ceapann na baill leas-Chathaoirleach;
- Laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire, tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca go foirmiúil i scríbhinn don Ard-Rúnaí agus leagtar amach a ghníomhaíochtaí i rith na bliana mar aon le cibé comhairle agus moltaí a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí;
- Buaileann an Cathaoirleach le hArd-Rúnaí na Roinne ar bhonn bliantúil ar a laghad.

Tá **Aonad Iniúchta Inmheánaigh (AII)** bunaithe ag an Roinn a dhéanann a cuid gníomhaíochtaí de réir Chód Eitice agus Caighdeán Cleachtais Ghairmiúil Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha (An Ríocht Aontaithe & Éire) agus de réir chaighdeáin agus threoirlínte iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é ról an AII ná cabhrú le spriocanna agus cuspóirí na Roinne a bhaint amach agus luach eagraíochtúil a fheabhsú agus a chosaint trí dhearbhú, comhairle agus léargas rioscabhunaithe agus oibiachtúil a chur ar fáil d'Ard-Rúnaí agus d'Fhoireann Bhainistíochta na Roinne. Tá AII neamhspleách agus oibiachtúil, rud atá mar bhonn le cur chuige córasach, smachtaithe chun éifeachtacht an rialaithe agus an rialachais a mheas agus a fheabhsú.

Faigheann an AII a údarás ón Ard-Rúnaí, a bhfuil ceart rochtana dírí ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh air. Tuairiscíonn Ceann an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh ar bhonn ráithiúil, nó ar shlí eile má iarrtar é, don Choiste Iniúchta agus Riosca.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh, cuirtear tuairimí agus moltaí an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh in iúl d'fhoireann bhainistíochta an réimse gnó cuí agus cuirtear cóipeanna de thuarascálacha iniúchta deiridh ar fáil don fhoireann bhainistíochta shinsearach, agus d'fhoireann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá freagrach as iniúchadh na Roinne.

Is ar an mBord Bainistíochta atá an fhreagracht fhoriomlán as reachtaíocht, beartais agus treoir a bhaineann le **nochtadh cosanta** a chur i bhfeidhm.

Tá **Grúpa um Nochtadh Cosanta** bunaithe ag an Roinn atá freagrach as nochtadh cosanta a bhreithniú agus cásanna atá le himscrúdú a atreorú.

Tá **Aonad Imscrúduithe Inmheánacha (IIU)** bunaithe ag an Roinn atá freagrach as an méid seo a leanas:

- Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de sháruithe amhrasta ar chosaint sonraí ar iarratas ón Aonad um Chosaint Sonraí;
- Imscrúduithe rialaithe inmheánaigh agus calaoise a dhéanamh ar scéimeanna uile an RCS ar iarratas ón Aonad Iniúchta Inmheánaigh
- Imscrúduithe a dhéanamh thar ceann an Bhainisteora Acmhainní Daonna.

Féadfaidh an IIU imscrúdú a dhéanamh ar Nochtadh Cosanta freisin.

Áirithíonn Aonad Comhlíonta Maoinithe an AE (ACMAE) go gcomhlíontar rialacháin an AE chun maoiniú Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) a tharraingt anuas laistigh den roinn. Is é ACMAE an Comhlacht Idirghabhálaí ainmnithe chun idirchaidreamh a dhéanamh le hÚdarás Bainistíochta CSE atá lonnaithe sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, arb é an Comhlacht Náisiúnta ainmnithe é chun gach éileamh CSE a chur isteach le haghaidh rann/gníomhaireachtaí Rialtais laistigh den Stát. San áireamh i ról ACMAE laistigh den struchtúr seo, tá treoir a eisiúint maidir le rialacháin ábhartha an AE do limistéir na Scéime laistigh den roinn a ceadaíodh do mhaoiniú CSE (lena n-áirítear scéim an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), agus athbhreithnithe a dhéanamh ar chórais agus ar chaiteachas a áirítear in éilimh sular gcuirtear faoi bhráid Údarás Bainistíochta CSE iad.

Maoiníonn an Roinn **Scéimeanna Fostaíochta Pobail, Scéimeanna Sóisialta Tuaithe agus Tús**. Sínítear conradh idir an tUrraitheoir (eagraíocht phobail nó carthanas de ghnáth) agus an Roinn ina leagtar béim ar na freagrachtaí atá ar an dá thaobh agus nach páirtí sna conarthaí fostaíochta seo an Roinn. Beidh an tUrraitheoir ag feidhmiú mar chonraitheoir neamhspleách i gcónaí chun gach críche agus ní bheidh caidreamh príomhoifigigh agus gníomhaire idir an Roinn agus an tUrraitheoir agus is é an tUrraitheoir amháin a bheidh freagrach as gach duine a earcóidh an tUrraitheoir.

**Straitéis Cloí agus Frith-Chalaoise**

Tá raon feidhme leathan luaite le hobair na Roinne, lena n-áirítear tacú le daoine ar feadh an tsaolré, sochar linbh a íoc agus tacaíochtaí ioncaim a chur ar fáil nuair a shroicheann daoine aois phinsin. Cuirtear seirbhísí ar fáil trí thart ar 90 scéim agus clár ar leith. Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil i gcomhpháirt le heagraíochtaí tríú páirtí, ranna rialtais eile agus gníomhaireachtaí stáit.

Gné ríthábhachtach d'obair na Roinne is ea calaois agus neamhchomhlíonadh a rialú. Tá cosaintí curtha san áireamh inár bpróisis chun córais íocaíochta a dhaingniú, agus chun éileamh éagórach sochar a bhrath agus a chosc. Sa chás go dtugtar neamhchomhlíonadh ár scéimeanna éagsúla faoi deara, úsáidfear na cumhachtaí iomlána atá ar fáil dúinn chun sláine an chórais leasa a chosaint. Áiritheoidh sé seo go gcloífear leis na hardchaighdeáin a éilíonn cáiníocóirí na hÉireann agus an tOireachtas agus a bhfuiltear ag súil leo uainn.

Tá cur chuige na Roinne sa réimse seo – leagtha amach i Straitéis um Chomhlíonadh agus Frithchalaoise 2019-2023 - ar rioscaí calaoise a íoslaghdú agus deireadh a chur le híocaíochtaí míchearta. Is éard atá i gceist leis sin ná seiceálacha iomchuí ag an bpointe éilimh, arna neartú trí athbhreithnithe córasacha ar éilimh in íocaíocht agus fíorú go leantar de na coinníollacha teidlíochta a chomhlíonadh. Cuimsítear ann freisin clár bliantúil suirbhéanna rialaithe a chuireann ar chumas na roinne rioscaí a aithint agus déileáil le haon laigí rialaithe a bhaineann le réimsí éagsúla na scéime. Faoin Straitéis, foilsíonn an Roinn Tuarascáil Bhliantúil agus Spriocráiteas Bliantúil gach bliain.

Tá baill foirne a bhfuil baint acu le scéimeanna leasa shóisialaigh a riar ar an eolas faoin ngá atá le rialuithe cuí a chur i bhfeidhm ag gach céim den phróiseas riartha éileamh, idir éilimh agus a fháil agus a íoc. Déanann Bord an Chláir Rialaithe maoirseacht agus monatóireacht ar obair rialaithe ar fud na Roinne, lena n-áirítear ionadaithe ó phríomhréimsí scéime chomh maith leis an Rannán Rialaithe agus an tAonad Imscrúduithe Speisialta. Chomh maith leis sin, faigheann an Bord Bainistíochta tuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn i ndáil lena spriocanna a bhaint amach.

**An tAonad Airgeadais**

San áireamh in Aonad Airgeadais inmheánach na Roinne tá dhá aonad gnó, an tAonad Buiséid & Airgeadais agus Brainse na gCuntas.

(1) Tá an tAonad Buiséid agus Airgeadais freagrach as an méid seo a leanas:

- Meastacháin a ullmhú, a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu le haghaidh scéimeanna, seirbhísí, ioncam ón gCiste Árachais Shóisialaigh agus fáltais Vóta 37 na Roinne;
- Tograí Buiséid na Roinne a ullmhú agus a chomhordú;
- Cúnamh agus faisnéis dhíreach a thabhairt don Aire mar chuid den phróiseas Meastachán/Buiséid, lena n-áirítear do chruinnithe Choiste Oireachtais agus
- Beartas tástála maoine.

Mar a luaitear i gCaibidil 2, maoinítear caiteachas na Roinne ó dhá fhoinse, eadhon an Státchiste trí Vóta 37 agus an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS) – maoinithe go príomha ag ranníocaíochtaí ÁSPC. Déantar faireachán ar ioncam CÁS (ó fháltais ÁSPC) agus ar chaiteachas ar scéimeanna, seirbhísí agus modh riaracháin uile na Roinne de réir na próifíle caiteachais

Gach mí, ullmhaítear meastachán ar chaiteachas agus ar ioncam CÁS agus cuirtear é seo ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe ar an tríú lá oibre deiridh. Foilsíonn an Roinn Airgeadais an meastachán seo ar an gcaiteachas foriomlán sa Ráiteas Státchiste mhíosúil ar an 2ú lá oibre den chéad mhí féilire eile.

(2) Is é príomhról Bhrainse na gCuntas ná íocaíochtaí agus fáltais uile na Roinne a réiteach agus iad a thabhairt chun cuntais. Ullmhaíonn an Brainse na cuntais reachtúla don roinn. Is iad an dá chuntas reachtúla ná an Cuntas Leithreasa do Vóta 37 agus Cuntas an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS). Vótálann an tOireachtas ioncam agus caiteachas don Chuntas Leithreasa, agus clúdaíonn a leithéid sin de chaiteachas íocaíochtaí riaracháin agus neamhranníocacha na Roinne. Díorthaítear ioncam don chuntas CÁS go príomha ó ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanann fostóirí, fostaithe agus daoine féinfhostaithe, le caiteachas a thabhaítear le haghaidh íocaíochtaí árachasbhunaithe agus costais riaracháin ghaolmhara.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2017 i leith, aistríodh íocaíochtaí tuarastail agus taistil agus cothaithe chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Taifeadtar an caiteachas ar fad agus tuairiscítear é chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe ar bhonn míosúil. Tá an Brainse freagrach as bainistíocht an Bhuiséid Riaracháin agus na bpróiseas ghaolmhar laistigh den RCS a éascú, a chomhordú agus a mhaoirsiú. Chomh maith leis sin, tá an Brainse freagrach as seirbhísí seachadta íocaíochta agus as straitéis íocaíochta na Roinne.

### Bainistíocht Riosca

Tá Beartas Bainistíochta Riosca bunaithe ag an Roinn chun cabhrú le réimsí gnó na rioscaí a d'fhéadfadh an Roinn a bheith neamhchosanta orthu a aithint, a mheasúnú, a mhaolú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú. Anuas air sin, cumasaíonn sé cuspóirí straitéiseacha na Roinne a chomhlíonadh trí struchtúir rialachais dea-bhainistithe. Ullmhaíodh Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

I rith an phróisis aitheanta riosca, aicmítear rioscaí de réir cineáil, i.e., cibé acu an gcruthaíonn nó nach gcruthaíonn siad riosca straitéiseach, airgeadais, oibríochtúil, clú agus comhlíontachta nó aon chineál riosca eile don roinn. Déantar meastóireacht ar rioscaí ansin, agus cuirtear san áireamh na rialuithe atá i bhfeidhm faoi láthair chun an riosca a mhaolú, mar aon le measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an riosca agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas riosca. Ag eascairt as an meastóireacht sin, roghnaítear rangú ard, meánach nó íseal don riosca agus ullmhaítear plean gníomhaíochta chun an riosca a mhaolú. Coinnítear gach riosca a shainaithnítear i gcláir riosca ar an iarratas Pleanála Gnó agus Bainistíochta Riosca (PGBR).

Aithníonn an Bord Bainistíochta Rioscaí Corparáideacha Ginearálta, i.e., rioscaí suntasacha don eagraíocht a bhféadfadh roinnt gníomhaíochtaí agus réimsí gnó a bheith á gcuimsiú iontu. Scrúdaíonn an Bord Bainistíochta tuarascálacha ráithiúla nuashonraithe ar dhul chun cinn maidir le rioscaí agus an méid a dhéantar chun iad a mhaolú. Gach Ráithe, déanann an Bord Bainistíochta measúnú ar leordhóthanacht an dul chun cinn a rinneadh agus déanann sé cinneadh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil gá le gníomh breise. Tá an beartas bainistíochta riosca leabaithe i ngach réimse gnó de chuid na Roinne.

### Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Tá soláthar soláthairtí agus seirbhísí riachtanach chun tacú leis an roinn seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus éifeachtach. Tá soláthar poiblí á rialú ag creat cuimsitheach rialála, dlí agus nós imeachta agus, go háirithe, tá sé á rialú ag Treoir 2014/24/AE, le tacaíocht ó threoirlínte soláthair arna bhfoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Is iad na treoirphrionsabail ná trédhearcacht agus oscailteacht iomaíochta.

De réir Ráiteas Straitéise na Roinne, dírítear ina beartas soláthair ar chórais láidre bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais a chothabháil agus luach ar airgead a bhaint amach. Mar a leagtar amach i gCaibidil 3, tá Oifig Tionscadail tiomnaithe ag an Roinn chun tacú le dea-rialachas mórthionscadal agus chun dea-chleachtas soláthair a chur chun cinn ar fud na

Roinne. Ceadaíonn an Coiste um Rialachas Tionscadal (CRT), fochoiste de chuid an Bhoird Bainistíochta agus faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, soláthairtí suntasacha agus gach mórthionscadal, lena n-áirítear soláthar soláthairtí agus seirbhísí a bhaineann leis na tionscadail.

Glacann an Roinn páirt iomlán i dtionscnaimh leanúnacha de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais agus Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun a áirithiú go gcuirtear dea-chleachtas sa soláthar poiblí i bhfeidhm.

| ***Prionsabal an Rialachais 5*** | Áirithíonn dea-rialachas oscailteacht, próisis chomhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara ar baile agus idirnáisiúnta. |
|---|---|

### Rialachas Seachtrach agus Maoirseacht ar Chomhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Comhaontuithe Maoirseachta agus Comhaontuithe Seachadta Feidhmíochta i bhfeidhm ag an Roinn agus ag na comhlachtaí atá faoina coimirce. Feidhmíonn na comhaontuithe seo mar chonradh feidhmíochta idir an Roinn agus an comhlacht ina ndéantar leibhéal comhaontaithe feidhmíochta a bhunú go foirmiúil agus a mbeidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe na seirbhísí poiblí mar thoradh air sa deireadh. Ceadaítear leis na comhaontuithe spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a ghlacadh, agus táscairí aschuir a fhorbairt.

Cloítear leis an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

**Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne**:

| | **Comhlacht** | **Duine Cuntasach** | **Príomhoifigeach sa RCS a bhfuil freagrachtaí idirchaidrimh air nó uirthi** | **Foinse Maoinithe Státchiste** | **Reachtaíocht Rialaithe** |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An tÚdarás Pinsean | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis<br><br>Brendan Kennedy | Príomhoifigeach atá freagrach as Beartas Pinsean<br><br>Colum Walsh | Vóta an RCS agus táillí ó scéimeanna | Acht na bPinsean 1990 (Arna leasú) |
| 2 | An Chomhairle Pinsean | Cathaoirleach na Comhairle<br><br>Roma Burke | Príomhoifigeach atá freagrach as Beartas Pinsean<br><br>Colum Walsh | Vóta an RCS – speansais agus cistí taighde | Acht na bPinsean 1990 (Arna leasú) |
| 3 | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird<br><br>Fiona Coyne POF | Príomhoifigeach atá freagrach as cumarsáid<br><br>Anne Kearney | Deontas Bliantúil Stáit ón RCS | An tAcht um Chomhairle 2000, An tAcht um Fhaisnéis do Shaoránaigh 2007, An tAcht Leasa Shóisialaigh 2008 agus an An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2011 |
| 4 | An Binse Leasa Shóisialaigh | Cathaoirleach an Bhinse<br><br>Folúntas | Príomhoifigeach ainmnithe ag an Ard-Rúnaí<br><br>Máirín Haran | Speansais amháin | 331-333 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 |

Is iad na daoine atá liostaithe sa tábla thuas na daoine a ceapadh nó a ghníomhaíonn sna róil ábhartha amhail Lúnasa 2021.

### 1. An tÚdarás Pinsean

Déanann an tÚdarás Pinsean faireachán agus maoirseacht ar oibriú Acht na bPinsean agus ar fhorbairtí pinsin i gcoitinne. Rialaíonn sé scéimeanna pinsin ceirde; Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais agus Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (PRSAanna) in Éirinn. Tá freagracht reachtúil air comhairle a chur ar fáil don Aire Coimirce Sóisialaí maidir le cúrsaí pinsin. Tá sé mar aidhm ag an Údarás feidhmiú mar fhoinse luachmhar comhairle agus eolais pinsin don Roinn Coimirce Sóisialaí agus don Rialtas i gcoitinne.

Páirteach san Údarás Pinsean tá Bhord de thriúr, Príomhfheidhmeannach (an Rialálaí Pinsean) agus baill foirne.

### Príomhfheidhmeanna an Aire agus na Roinne

- Maoirseacht leordhóthanach a chur ar fáil chun éifeachtacht an chomhlachta a áirithiú agus gan tionchar a imirt ar a neamhspleáchas ná cur isteach air;
- Aon athruithe riachtanacha a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach a bhaineann leis an Údarás Pinsean;
- Baill de Bhord an Údaráis Pinsean a cheapadh;
- Comhairle a iarraidh de réir mar is gá;
- A iarraidh go gcuirfear tascanna i gcrích;
- Toilithe/ceaduithe a sholáthar de réir mar is gá agus is cuí;
- Feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás agus na forálacha is gá a dhéanamh i dtaca leis an tabhairt;
- Orduithe, rialacháin, etc., a dhéanamh a bhaineann le ról agus feidhm an Údaráis Pinsean agus iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais;
- Liúntais i leith caiteachas an Rialálaí Pinsean a chinneadh;
- Cuntais, tuarascálacha, ráiteas straitéise a iarraidh/a cheadú/a ordú/a athbhreithniú.
- Doiciméid (tuarascálacha, ráiteas straitéise, srl.) a thíolacadh do Thithe an Oireachtais;
- Baill den Bhord a chur as oifig in imthosca sonraithe;
- Íocaíocht luacha saothair agus liúntas le Cathaoirleach an Bhoird a chinneadh.

### Freagracht

Is é cúig bliana téarma oifige bhaill an Údaráis. Ainmníonn an tAire gnáthbhall amháin agus is oifigeach agus ionadaí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí an duine sin. Ainmníonn an tAire Airgeadais gnáthbhall amháin agus is oifigeach agus ionadaí de chuid na Roinne Airgeadais an duine sin.

Is é an Rialálaí Pinsean duine cuntasach an chomhlachta agus ceanglaítear air nó uirthi, faoin reachtaíocht, tuairisciú don Choiste um Chuntais Phoiblí de réir mar is gá.

### Oibleagáidí Tuairiscithe

Ceanglaíonn Alt 22(1) d'Acht na bPinsean 1990 (arna leasú) ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe. Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Foráiltear le halt 23(2) freisin nach mór don Údarás Pinsean, laistigh de thréimhse shonraithe tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, tuarascáil a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana.

### Cóid Iompair Ghnó

Ceanglaíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, an leagan athbhreithnithe, ar gach comhlacht stáit Cóid Iompair Ghnó scríofa a bheith acu le haghaidh Stiúrthóirí agus fostaithe. Ceanglaítear leis gur cheart ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, a bhaineann le hiompar Stiúrthóirí, a chur i bhfeidhm fiú nuair nach léirítear na ceanglais seo sa reachtaíocht. Glactar leis gurb ionann baill an Údaráis agus ‘Stiúrthóirí’ chun críocha an chóid. Ba cheart go gcuimseofaí sa chód

d'fhostaithe nithe ar nós dualgas don chomhlacht stáit, coinbhleacht leasa a sheachaint, srianta ar ghníomhaíochtaí seachtracha, glacadh le bronntanais agus beartaíocht mhacánta.

Tá an Cód Iompair Gnó do bhaill agus do bhaill foirne an Údaráis Pinsean le fáil anseo.

Déanfar athbhreithniú criticiúil tréimhsiúil ar an Údarás Pinsean ar bhonn gnáthchúrsa.

### 2. An Chomhairle Pinsean

Is é an t-aon fheidhm atá le bunú na Comhairle Pinsean ná comhairle maidir le beartas pinsean a chur ar fáil don Aire Coimirce Sóisialaí agus béim ar leith ar bheartais a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le hinbhuanaitheacht agus leordhóthanacht an tsoláthair pinsin amach anseo. Áirithíonn a ballraíocht go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an taithí ábhartha ar fáil chun an chomhairle agus an t-eolas riachtanach a chur ar fáil i ndáil le forbairt beartas pinsin.

Tá cathaoirleach agus idir ochtar agus dhá ghnáthbhall déag arna gceapadh ag an Aire sa Chomhairle, ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Fónann na baill i gcáil pháirtaimseartha agus ní íoctar aon luach saothair le baill. Ní mór go n-áireofaí ar na gnáthbhaill an Rialálaí Pinsean, ball amháin arna ainmniú ag an Aire mar ionadaí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí, ball amháin arna ainmniú ag an Aire Airgeadais mar ionadaí de chuid an Bhainc Ceannais agus ball amháin den Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe mar ionadaí don Aire sin.

Faoin reachtaíocht a rialaíonn an Chomhairle, cinneann an tAire Coimirce Sóisialaí a nósanna imeachta.

### Príomhfheidhmeanna an Aire agus na Roinne

- Maoirseacht leordhóthanach a chur ar fáil chun éifeachtacht an chomhlachta a áirithiú agus gan tionchar a imirt ar a neamhspleáchas ná cur isteach air.
- Aon athruithe riachtanacha a dhéanamh ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach maidir leis an gComhairle Pinsean.
- Baill den Chomhairle Pinsean a cheapadh agus Cathaoirleach a ainmniú.
- Baill den Chomhairle Pinsean a chur as oifig in imthosca sonraithe.
- Comhairle a iarraidh de réir mar is gá.
- Nósanna imeachta na Comhairle Pinsean a chinneadh.

### Cóid Iompair Ghnó

Glactar leis gur 'stiúrthóirí' iad baill den Chomhairle chun críocha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá an Cód Iompair do Bhaill agus do Bhaill Foirne na Comhairle Pinsean le fáil **anseo**.

Ní íoctar baill den Chomhairle Pinsean. Clúdaítear costais taistil agus chothaithe, má bhíonn a leithéid le híoc ag an gCathaoirleach, i gciorclán ábhartha na Státseirbhíse agus íocann an Roinn iad. Cuireann an tÚdarás Pinsean tacaíocht riaracháin ar fáil don Chomhairle Pinsean faoi Mheabhrán Tuisceana ar iarratas ón Aire

### 3. An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) an comhlacht reachtúil atá freagrach as tacú le faisnéis, comhairle (lena n-áirítear comhairle airgid agus bhuiséadaithe) agus abhcóideacht a chur ar fáil i ndáil le réimse leathan seirbhísí poiblí agus sóisialta.

Cuireann an BFS roinnt seirbhísí ar fáil go díreach don phobal tríd an suíomh gréasáin citzensinformation.ie agus trí roinnt micrealáithreán. Maoiníonn sé 22 Cuideachta Seachadta Seirbhíse neamhspleácha freisin:

- 8 gcuideachta réigiúnacha de chuid na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- 8 gcuideachta réigiúnacha de chuid na Seirbhíse Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA)
- An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas
- Seirbhís Fóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Tacaíocht Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid - SBCA
- SBCA Náisiúnta don Lucht Siúil
- Seirbhísí Ateangaireachta Comharthaíochta
- Clár Comharthóirí Ateangaireachta na hÉireann

Bunaítear na Cuideachtaí Seachadta Seirbhíse mar chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Cuireann an BFS maoiniú Státchiste ar fáil do na cuideachtaí seo a oibríonn leis na cuideachtaí chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

Tríd an SBCA, riarann an BFS an clár 'Abhaile' go páirteach, an tseirbhís náisiúnta réitigh riaráistí morgáiste, a bhfuil maoirseacht á déanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt uirthi mar aon leis an Roinn seo agus a sheachadtar trí roinnt eagraíochtaí poiblí éagsúla.

Tá BFS á rialú ag an tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008, an tAcht um Fhaisnéis do Shaoránaigh 2007, agus an Acht um Chomhairle 2000 (arna leasú). Seo a leanas feidhmeanna BFS:

(a) tacú le soláthar seirbhísí faisnéise, comhairle agus abhcóideachta neamhspleácha nó, i gcás inar cuí dar leis an mBord, chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine aonair ar fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus shoiléir a bhaineann le seirbhísí sóisialta agus go ndéantar iad a atreorú chuig na seirbhísí iomchuí;
(b) cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair, go háirithe iad siúd faoi mhíchumas, chun a riachtanais agus a roghanna a shainaithint agus a thuiscint agus chun rochtain a fháil ar a dteidlíochtaí ar sheirbhísí sóisialta;
(c) inrochtaineacht, comhordú agus feasacht phoiblí níos fearr ar sheirbhísí sóisialta agus ar sheirbhísí faisnéise, comhairle agus abhcóideachta a chur chun cinn;
(d) tacú le soláthar faisnéise maidir le héifeachtacht an bheartais agus na seirbhísí sóisialta reatha, soláthar na faisnéise sin a chur chun cinn agus a fhorbairt agus aird a tharraingt ar shaincheisteanna atá ag déanamh imní d'úsáideoirí na seirbhísí sin;
(e) forbairt comhlachtaí deonacha a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta a chur chun cinn agus tacú leis an bhforbairt sin, lena n-áirítear, i gcás inar cuí dar leis an mBord, soláthar acmhainní airgeadais nó acmhainní eile amhail seirbhísí comhtháite faisnéise, oiliúna agus forbartha;
(f) comhairle, faisnéis agus cúnamh don Aire i ndáil le haon ghné de sheirbhísí sóisialta a fhorbairt;
(g) aon uair a iarrfaidh an tAire amhlaidh, scéimeanna a dhearadh a bhaineann le seirbhísí sóisialacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais arna sainaithint ag an Aire maidir leis na seirbhísí sin, agus, i gcás inar cuí dar leis an mBord, na seirbhísí sin a sholáthar go díreach;
(h) an obair i ndáil le seirbhísí sóisialta de chuid cibé comhlachtaí a shonróidh an tAire a chur chun cinn, a fhorbairt, a spreagadh agus cabhrú leis an obair sin, trí acmhainní airgeadais nó acmhainní eile a sholáthar;
(i) pleananna straitéiseacha a ullmhú.

### Príomhfheidhmeanna an Aire agus na Roinne

- Tá Bord BFS freagrach don Aire as oibriú agus feidhmiú cuí BFS.
- Tá an tAire freagrach as baill Bhord an BFS a cheapadh.
- Tá ionadaí Roinne ag an Aire ar Bhord an BFS ag leibhéal Rúnaí Cúnta.
- Ceadaíonn an tAire plean straitéiseach trí bliana a chuirtear faoi bhráid gach Teach den Oireachtas.
- Soláthraíonn an Roinn leithdháileadh maoinithe don BFS chun a fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh.
- Déanann an RCS scrúdú ar iarratais mhíosúla íostarraingthe maoinithe a fuarthas ón BFS agus ar thuarascálacha caiteachais a chuir an BFB isteach.
- Déanann an BFS Athbhreithniú Lár Bliana foirmiúil ar a chaiteachas foriomlán, agus cuirtear na torthaí faoi bhráid Bhord BFS lena mbreithniú agus lena gceadú agus lena gcur faoi bhráid RCS ina dhiaidh sin.
- Tá Cuntais BFS faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### Freagracht

Tá 15 Bhall Boird ar Bhord an BFS, an Cathaoirleach san áireamh. Is é an tAire a cheapann na baill go léir, an Cathaoirleach san áireamh. Is é cúig bliana téarma oifige bhaill Bhord an BFS. Is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin duine cuntasach an chomhlachta; tá sí freagrach don Bhord agus ceanglaítear uirthi faoi reachtaíocht rialaithe an BFS tuairisc a thabhairt don CCP nó do choistí Oireachtais eile de réir mar is gá.

### Oibleagáidí Tuairiscithe

Leagtar amach san Acht um Chomhairle socruithe tuairiscithe an BFS, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil, plean straitéiseach trí bliana agus ráitis airgeadais bhliantúla - ní mór iad ar fad a thíolacadh agus don Aire agus ní mór don Aire iad a cheadú. Tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta (CSF) i bhfeidhm idir an RCS agus an BFS. Déantar athbhreithniú ar na comhaontuithe sin ar bhonn bliantúil agus áirithítear go bhfuil socruithe rialachais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm. Ceanglaítear ar an BFS Tuarascáil Ráithiúil ar Dhul Chun Cinn a chur ar ais chuig an Roinn ina dtugtar achoimre ar an dul chun cinn agus ina sonraítear na forbairtí a tharla sa ráithe roimhe sin i ndáil leis na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí comhaontaithe mar atá leagtha amach sa CSF.

De réir fhorálacha an Chóid, tugadh Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (ACT) ar an BFS chun críche in 2022. Tá torthaí an ACT á mbreithniú faoi láthair.

### Airgeadas

Déantar tuairisciú airgeadais bliantúil tríd an Tuarascáil Bhliantúil agus trí na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. De réir a reachtaíochta rialaithe, ceanglaítear ar an BFS a chuntais a ullmhú lena bhfaomhadh ag an mBord agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann siad.

Cuirtear cóip de na cuntais agus den deimhniú arna eisiúint ag an ARC&C, mar aon le haon tuarascáil ó ARC&C maidir leis na cuntais, faoi bhráid an Bhoird agus an Aire a luaithe is indéanta agus tíolacann RCS a leithéid faoi bhráid gach Teach den Oireachtas. Mar a fhoráiltear sa Chód, cuireann an Cathaoirleach tuarascáil chuimsitheach ar fáil trí litir rúnda chuig an Aire gach bliain, i gcomhar leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais.

### Cruinnithe

Buaileann oifigigh ón RCS leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach laistigh de na réimsí freagrachta ábhartha sa BFS ar bhonn rialta. Is é cuspóir na gcruinnithe sin ná plé a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar shaincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na spriocanna a leagtar amach sa CSF, lena n-áirítear rialachas, rialú airgeadais agus aon saincheist a thagann chun cinn maidir le feidhmiú na gcomhaontuithe nó saincheisteanna ar ábhar imní coiteann iad, atá ag teacht chun cinn. Tionóltar cruinniú foirmiúil amháin ar a laghad in aghaidh na bliana idir oifigigh shinsearacha ón RCS agus ionadaithe ón BFS chun athbhreithniú a dhéanamh ar an CSF agus chun an caidreamh idir an dá eagraíocht a neartú. Freastalaíonn Cathaoirleach agus POF an BFS, nuair a iarrtar air nó uirthi, ar chruinniú le Bord Bainistíochta na Roinne.

### Cóid Iompair Ghnó

Tá Cód Iompair Gnó do stiúrthóirí agus d'fhostaithe uile an BFS a chuireann impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 san áireamh ar fáil anseo.

### 4. An Binse Leasa Shóisialaigh

Is comhlacht reachtúil é an Binse Leasa Shóisialaigh a bunaíodh sa bhliain 1982 chun déileáil le cásanna ina ndiúltaítear teidlíocht ar Shochar Cuardaitheora Poist nó ar Liúntas Cuardaitheora Poist mar thoradh ar rannpháirtíocht in easaontas trádála. Sa chás go measann duine nach raibh fostaíocht ar fáil dó nó di go míréasúnta toisc gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh a f(h)ostóir an mheicníocht chaibidlíochta atá ar fáil chun díospóidí a réiteach a leanúint, féadfaidh sé nó sí iarratas ar bhreithniú a chur faoi bhráid an Bhinse.

Tá Cathaoirleach agus ceathrar gnáthbhall ar an mBinse. Is é nó í an tAire Coimirce Sóisialaí a cheapann baill an Bhinse agus ní mór Cathaoirleach neamhspleách a cheapadh, beirt bhall arna n-ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus beirt bhall arna n-ainmniú ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC).

### Freagracht

Feidhmíonn an Binse mar chomhlacht neamhspleách. Féadfaidh duine leasmhar (lena n-áirítear an tAire) iarratas ar athbhreithniú a chur faoi bhráid an Bhinse. Sa chás go bhfuil an Binse sásta gur tharla athrú ábhartha in imthosca an tsaotharstad, nó in imthosca an aighnis cheirde ba chúis leis an saotharstad, nó go bhfuil fianaise nua ann a d'fhéadfadh, i dtuairim an Bhinse, difear a dhéanamh dá chinneadh, féadfaidh sé a chinneadh a athbhreithniú agus déileálfar le hathbhreithniú den sórt sin mar Bhreithniú.

Is breithniú críochnaitheach agus dochloíte é breithniú bhaill an Bhinse ach amháin gur féidir Achomharc a atreorú chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí.

Féadfaidh an tAire ball den Bhinse a chur as oifig.

### Oibleagáidí Tuairiscithe

Taifeadtar breithniú an Bhinse i ndoiciméad ina leagtar amach argóintí an dá thaobh agus ina dhiaidh sin cinneadh an Bhinse, sínithe ag an gCathaoirleach agus séalaithe go cuí.

### Cóid Iompair

Níl aon stiúrthóir ná fostaí ann. Íoctar costais in aghaidh an tsuí amháin.

# Aguisín

### Grúpaí AE agus Idirnáisiúnta a bhfuil ionadaíocht ag an Roinn orthu

An Bord Feidhmiúcháin maidir le Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) a chur i bhfeidhm
An Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)
An Coiste Fostaíochta (EMCO)
An Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta
An Coimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta
An Coimisiún Teicniúil um Próiseáil Sonraí (nasctha leis an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta)
An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta
Faisnéis Fhrithpháirteach maidir le Córais Slándála Sóisialta thíortha an AE/LEE (MISSOC)
Bord Rialaithe an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)
Coiste Rialtais Chomhairle na hEorpa Chairt Shóisialta na hEorpa agus an Chóid Eorpaigh Slándála Sóisialta
Biúró an Choiste Rialtais
Líonra Post na hEorpa (EURES)
Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (PES)
An Coiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe
Grúpa Comhairle an Údaráis Eorpaigh Saothair
Coiste Chlár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI)
Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
An Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC)
Coistí Ábhartha na Náisiún Aontaithe
An Cumann Slándála Sóisialta Idirnáisiúnta
Coiste Fostaíochta, Saothair agus Gnóthaí Sóisialta an ECFE (ELSAC)
"Comhdháil Windsor" (grúpa saineolaithe slándála sóisialta ó shé thír ina labhraítear Béarla)
An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas
Grúpa Comhairleach Mhuintir na Teorann
Grúpa Oibre Slándála Sóisialta na hÉireann & na Ríochta Aontaithe
An Fóram maidir leis na Gnéithe Idirnáisiúnta de Chomhordú Slándála Sóisialta
Seisiún Iomlánach an Chomhlimistéir Taistil.